



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

PLEAN FORBARTHA NA SEIRBHÍSE LEABHARLAINNE *2020-2025*





Leathanach 05

BROLLAIGH

Leathanach 06

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Leathanach 08

MODHEOLAÍOCHT

Leathanach 10

FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

Leathanach 14

ATHBHREITHNIÚ 2014-2019

Leathanach 30

AN BHLIAIN 2020- BLIAIN GAN CHOINNE

Leathanach 34

AN TODHCHAÍ 2020-2025

Leathanach 48

COMHLÍONADH, RIALACHAS
AGUS STATISTICÍ

Leathanach 52

SUÍOMHANNA LEABHARLAINNE



BROLLACH LEIS AN MÉARA, CE



AN CMLR. MARY LINEHAN FOLEY

Méara Chontae Chorcaí

Bhí Leabharlanna Chontae Chorcaí mar bhunchloch riamh anall lenár bpobail, lenár ngeataí ar an eolas, ar an gcultúr agus ar na healaíona, ag spreagadh na fiosracha i measc na n-óg agus daoine scothaosta. Is mar cheann amháin de na spásanna poiblí is daonlathaí a fháiltíonn an leabharlann roimh chách. D'fhéadfaí machnamh ciúin a dhéanamh inti nó d'fhéadfaí pobail agus an saol poiblí a chothú inti. Faoi mar a dúirt Albert Einstein tráth den saol, "An t-aon rud a gcaithfidh tú a bheith ar an eolas faoi is ea suíomh na leabharlainne". Is le bliain amháin anuas i lár paindéime domhanda atá an tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíne tar éis feidhmiú mar cheannaire sa soláthar seirbhíse nuálach. Is leis na comhoibrithe agus na naisc a cruthaíodh - i dteannta leis na cuir chuige chruthaitheacha agus nuálaíochtaí digiteacha a glacadh; a leanfar ar aghaidh ag baint an fhómhair amach anseo. Is slat tomhais é Plean Forbartha Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí lenar féidir linn rath na Seirbhíse Leabharlainne agus Ealaíne de chuid Chomhairle Contae Chorcaí a thomhas maidir le sásamh agus gnóthú a huaillmhianta sna cúig bliana amach romhainn. Glacaim leis go leanfaidh ár leabharlanna, agus ár bhfoireann leabharlannaíochta ar aghaidh leis an meon atá aitheanta leo, is é sin ár mbeatha go léir a shaibhriú.



TIM LUCEY

Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí

Soláthraíonn Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí seirbhís pobail ríthábhachtach. Bhí na leabharlanna mar chroíchuid d'fhreagairt Chomhairle Contae Chorcaí don ghéarchéim Covid-19. A bhuíochas do thoilteanas, solúbthacht agus dúthracht ár mball foirne, d'fheidhmigh an tseirbhís leabharlainne ar bhealach fíor-onnghníomhach, agus nuáil ar bun acu in imthosca dúshlánacha. Is amhlaidh atáthar tar éis luach na seirbhíse leabharlainne dár bpobail a threisiú a thuilleadh. Bhíodh Leabharlanna Contae Chorcaí ar thús cadhnaíochta chun inrochtaineacht a fheabhsú do sheirbhísí riamh anall, chun beartais mhíchumais agus bháula don néaréagsúlacht a fhorbairt, chun freagairt do dhaonra atá ag dul in aois le beartais Aoisbhá, agus chun saothrú i gcónaí lena chinntiú gur féidir le gach duine an réimse leathan seirbhísí ar tairiscint a fháil. Faoi mar a léiríodh go soiléir le bliain anuas, is seirbhís éabhlóideach leanúnach atá inár leabharlanna de bharr a gcineáil. Cuidíonn an Plean Forbartha Leabharlainne leis an éabhlóid sin a mhúnlú thar na chéad cúig bliana eile, agus is comhartha é go néireoidh leis amach anseo i dteannta le faobhar agus le díograis ár mball foirne leabharlainne.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is í Comhairle Contae Chorcaí, an dara hÚdarás Áitiúil is mó ar bhonn náisiúnta, a rialaíonn an meascán ceantar is uathúla agus is éagsúla sa tír. Féachtar i bPlean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí le tacaíocht a sholáthar do Chomhairle Contae Chorcaí chun a áirithiú go n-uasmhéadóimid na deiseanna infheistíochta inár ngeilleagar agus sa stíl mhaireachtála trí feidhmiú ar bhealach cruthaitheach, iomchuimsitheach agus dinimiciúil. “Táimid tiomanta do sheirbhísí laethúla a sholáthar ar na caighdeáin is airde i measc an phobail,” – Comhairle Contae Chorcaí, Plean Corparáideach 2019 - 2024.

Beidh “Ár Leabharlanna Poiblí 2022” mar bhonn agus mar thaca ag an bplean Forbartha Leabharlainne freisin, ar straitéis fhorásach agus uailmhianach leabharlainne náisiúnta, maille lenár Ráiteas Misin.

Is é an aidhm le Ráiteas Misin Leabharlann Chontae Chorcaí pobail a chumasú chun rochtain a fháil ar acmhainní a fheidhmíonn mar oideachas, eolas, léargas agus saibhriú do bheatha a saoránach trí thacaíocht agus cur chun cinn na litearthachta agus an dúil sa léitheoireacht, agus trí acmhainní i ndáil le hoidhreacht chultúrtha Chorcaí a chaomhnú.

Déanann an tseirbhís leabharlainne iarracht chun feidhmiú mar áis oscailte, inrochtana agus fháilteach do chách. Luíonn sé le líon suntasach na n-acmhainní a bhíonn ar fáil d’úsáideoirí leabharlainne, agus le cineál saor in aisce agus oscailt na ballraíochta leabharlainne gur féidir grúpaí imeallaithe a chuimsiú go sóisialta, agus gur féidir linn ár rannpháirtíocht agus for-rochtain a leathnú chuig pobail nua agus reatha i gContae Chorcaí.

Is príomhphointe tagartha atá sa phlean seo freisin faoi chomhair Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil na Leabharlainne. Áiritheofar leis sin go leagfaidh ár gComhaltáí Tofa agus ár mbaill foirne béim leanúnach ar sheachadadh na gcuspóirí uailmhianacha agus solúbtha sa Phlean Forbartha, agus beidh siad lúfar a dhóthain le freagairt d’éagsúlachtaí ar bith a d’fhéadfadh teacht aníos inár dtimpeallacht oibriúcháin idir seo agus an bhliain 2025.

Is amhlaidh le linn saolré an Phlean Forbartha Leabharlainne (Peirspictíochtaí) 2014-2019 a chonacthas athruithe suntasacha sa tSeirbhís Leabharlainne. Tá na Seirbhísí Leabharlainne ar bhonn náisiúnta ag bogadh i dtreo samhail na seirbhíse comhroinnte óna dtiocfaidh go leor beartas agus rolladh amach na seirbhísí feabhsaithe ar bhonn náisiúnta. Rinneadh cláir agus gníomhaíochtaí leabharlainne a chaighdeánú agus athbhreithniú ar bhonn bliantúil freisin. D’éirigh an comhoibriú agus na comhpháirtíochtaí ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta ina chroíchuid de na cláir sin, ónar tháinig caighdeán gníomhaíochtaí leabharlainne níos airde, foireann oilte níos fearr agus an cumas chun bonn custaiméirí níos leithne a chur chun cinn.

D’fheidhmigh an tSeirbhís Leabharlainne eochair-ról in 2020 mar chuid d’fhreagairt Chomhairle Contae Chorcaí don Covid-19. Ba mar chuid de na Moil Tacaíochta Pobail a chuidigh foireann na leabharlainne le 3733 iarratas ar chúnamh lenar áiríodh seachadadh 2926 bosca Leabharlainne do dhaoine gafa sa teach. Cuireadh Cláir Leabharlainne in oiriúint agus i gcrích le linn Covid-19. Ghlac 12,187 leanbh rannpháirt i 42 imeacht ar líne d’Fhéile Leabhar na Leanaí, inar éascaíodh do scoileanna fiú sna ceantair is iargúlta le páirt a ghlacadh inti. D’fhorbair an Staidéar Áitiúil Sraith Podchraoltaí, an Clár Folláine lenar áiríodh an clár Coinnigh Slán a sholáthar ar líne le hardú meanman a thabhairt don phobal: seachadadh pacáí litearthachta agus ealaíne chuig 300 leanbh sa Soláthar Díreach, seoladh ceardphacaí olla, pacáí scríbhneoireachta agus cártaí Ag Cuimhneamh Ortsa chuig custaiméirí nárbh fhéidir leo rochtain a fháil ar a leabharlanna.

Taobh thiar den ghníomhaíocht sin go léir, bhí nuálaíocht ar bun ag an bhfoireann TFC chun roghanna nua a athshamhlú maidir le soláthar seirbhíse idir “chliceáil agus bailigh”, sheirbhísí agus tacaíochtaí ar líne, chórais iarratais ar sheachadadh do dhaoine gafa ina dteac agus rolladh amach cruá-earraí agus éascú d’fhoireann ag obair ón mbaile agus tacaíocht uasghrádaithe scileanna don fhoireann agus don phobal.

Tháinig méadú ar úsáid leabharlainne bliain amháin i ndiaidh a chéile le cúig bliana anuas. Táimid muiníneach sna chéad chúig bliana eile amach romhainn go leanfaimid leis ag méadú ár dtáscairí feidhmíochta go léir le Lucht Saothar Leabharlainne atá dírithe ar an gcustaiméir agus ardoilte agus ardspreagtha ag obair mar fhoireann amháin chun an tseirbhís leabharlainne is fearr agus is féidir a sholáthar trí mheán na dtríocha pointe seirbhíse agus na seirbhísí leabharlainne ar líne.

Gnóthóimid úsáid seirbhíse níos airde freisin trí leanúint le feabhsuithe ar an mbonneagar fisiceach, trí uasghrádaithe brainsí, éifeachtúlacht fuinnimh agus inrochtaineacht a fheabhsú. Coinneoidimid orainn ag obair chun Leabharlann nua a oscailt i nDroichead na Bandan. Beidh seomra digiteach nua-aimseartha san áireamh leis an leabharlann sin, agus beidh sí cumasaithe mar “Mo Leabharlann Oscailte”, rud a chuirfidh ar chumas custaiméirí rochtain a fháil ar an leabharlann seacht lá na seachtaine idir 8 i.n. agus 10 r.n. Athlonnófar leabharlann Cheann Toirc chuig áitreabh nuachóirithe óna baile sealadach ag Carrchlós na Marglainne. Is le hoscailt Leabharlann Chionn tSáile nua a athrófar ó bhonn an tseirbhís a thugtar do mhuintir Chionn tSáile. Beidh éagsúlacht leathan deiseanna ar fáil d’úsáid ag an bpobal agus don chultúr san fhoirgneamh mór ilchuspóireach sin. Is í leabharlann Mhainistir Fhear Maí a bheidh mar an chéad “Mo Leabharlann Oscailte” i gContae Chorcaí. Táimid ag súil go mór le teacht thrí leabharlann shoghluaiste nua a thiofadh i mbun seirbhíse in 2021, rud a chinnteoidh go mbeidh flit sainoiriúnaithe agus nua-aimseartha ar fáil chun freastal ar ár bpobail tuaithe. Cé go bhfeidhmeoidhuasghrádú agus forbairt an bhonneagair TFC a bhíonn ar fáil dár seirbhís ról ríthábhachtach sa chaoi ina soláthróimid seirbhísí don phobal agus do chumas ár bhfoirne chun na seirbhísí sin a sholáthar, is mó ná díreach seirbhís bonneagair atá i gceist leo. Seirbhísí ar líne agus Leabharlann Feidhmeoidh saoráidí TFC chomh maith le cláir agus tacaíochtaí foghlama digiteacha ról as cuimse do thodhchaí na seirbhíse leabharlainne i gContae Chorcaí.

Cuirfidh Seirbhísí Bibleagrafaíochta leis an mbunsraith atá ann, athbhreithneoidh siad agus déanfaidh cuíchóiriú ar bhainistiú an stoic ar fud an líonra brainsí agus leabharlann soghluaiste le héilimh ó chontae éagsúil a réamh-mheas agus a léiriú. Fillfidh cláir, promóisin agus imeachtaí ar ais ina gclárúchán den scoth istigh sa leabharlann tar éis Covid-19, agus is leis an taithí agus an fhoghlaim a fuarthas le linn na paindéime a mhúnlófar soláthar na seirbhíse amach anseo, rud a chinnteoidh go bhfanfaidh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí ina seirbhís le tionchar láidir ar bhonn áitiúil agus náisiúnta.

Is é an Leabharlannaí Contae a bheidh i gceannas ar chlár Éire Ildánach de chuid Chontae Chorcaí ón mbliain 2021 ar aghaidh. Is leis na gníomhaíochtaí sin a chothófar forbairt agus a thabharfar spreagadh don chruthaitheacht agus don saothar ealaíonta ar bhealach ionchuimsitheach agus forásach, tríd an gcomhairliúchán agus an chomhpháirtíocht. Mar a chéile leis an gClár Ealaíon agus Cultúir, táimid tiomanta chun obair le comhpháirtithe leis na dúshláin a shásamh chun freastal ar éilimh reatha agus athraitheacha ag daonra éagsúil ó thaobh na sláinte agus na folláine de. Forbróimid seirbhísí leis an mbearna dhigiteach a dhruidim trí sheirbhísí ábhartha agus modhanna soláthair seirbhísí a fhorbairt.

Léiríodh le 2020 agus le Covid-19 gur seirbhís sholúbtha í an tSeirbhís Leabharlainne i gContae Chorcaí, agus go bhfuil sí tiomanta don tSeirbhís do Chustaiméirí thar aon ní eile. Tá an t-éileamh ar ár seirbhísí tar éis a bheith fíorard le tamall, rud a léiríonn do go leor daoine an t-easnamh a fhágtar i mbaile nó i sráidbhaile le leabharlann dhúnta. Tá éileamh cruthaithe ann do Sheirbhísí Leabharlainne, idir leabhair, phriontáil, ríomhairí pearsanta, wifi agus imeachtaí. Táimid tar éis athrú faoi luas agus le gairmiúlachas, agus d’fhoghlaimíomar go leor faoinár seirbhísí, faoinár gcustaiméirí agus faoinár mbailte. Is fearrde ár seirbhísí leabharlainne ó bheith ag éisteacht, ag foghlaim agus ag athrú sa bhealach inar oibríomar in 2020, agus beidh sí ina seirbhís níos láidre níos dinimiciúla dá bharr do na chéad chúig bliana eile.

MODHEOLAÍOCHT

Bíonn dualgas reachtúil ar Sheirbhísí Leabharlainne i bPoblacht na hÉireann plean forbartha a fhorbairt agus a fhoilsiú gach cúig bliana. Is é an plean sin a fheidhmeoidh mar an bunús agus an caighdeán ar mian le Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí a bhaint amach, agus don chaoi a bhfreastalóidh sí ar a feidhm sa phobal.

COMHAIRLIÚCHÁN

Is comhpháirt ríbhunúsach í an fhaisnéis maidir le héilimh an phobail chun plean a sholáthar do na chéad chúig bliana eile amach romhainn. Ba de bharr na Srinta Sláinte Phoiblí i leith COVID-19 a cuireadh i gcrích an comhairliúchán poiblí ar an gcaoi seo a leanas:

- Comhairliúchán le Comhaltaí Tofa: Rinneadh teagmháil phearsanta le gach Comhairleoir le hiarraidh orthu aighneacht a chur isteach thar ceann na ndaoine dá ndéanann siad ionadaíocht.
- Láithreoiracht don Choiste um Beartas Straitéiseach um Chuimsiú Sóisialta, Ghnóthaí Pobail agus Tuaithe
- An Coiste Leabharlainne
- Cuireadh poiblí le haighneacht a dhéanamh trí mheán fógraíochta sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta
- Feachtas sna meáin shóisialta le spreagadh a thabhairt do dhaoine aighneachtaí a chur isteach
- Preaseisiúint ar na nuachtáin náisiúnta agus áitiúla
- Ríomhphost chuig teagmhálaithe comhpháirtí agus chuig grúpaí leasmhara
- Tugadh cuireadh do gach ball foirne le Comhairle Contae Chorcaí aighneacht a dhéanamh
- Fógraíodh foirmeacha agus modhanna ar líne don Chomhairliúchán Poiblí sna leabharlanna brainse agus soghluaiste

LÍON IOMLÁN NA NAIGHNEACHTAÍ

82

LÉIRBHREITHNIÚ LITRÍOCHTA

Tá an Plean Forbartha seo á ullmhú i gcomhthéacs na straitéisí agus na bpleananna áitiúla agus náisiúnta seo a leanas.

DOCUMENT	AUTHOR
Plean corparáideach	Comhairle Contae Chorcaí
Plean Eacnamaíoch & Pobail Áitiúil	Comhairle Contae Chorcaí
Straitéis Chontae Aois-Bháúil 2016-2021	Comhairle Contae Chorcaí
Plean Cultúir & Cruthaitheacht d'Éire Ildánach 2017-22	Comhairle Contae Chorcaí
An Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019 - 2024	Comhairle Contae Chorcaí
An Beartas um Chuimsiú Sóisialta 2020	Comhairle Contae Chorcaí
Ár Leabharlanna Poiblí 2022	LGMA., Baile Átha Cliath
Straitéis Nuálaíochta 2020	An Roinn Gnó, Fiontar & Nuálaíochta
An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach	Rialtas na hÉireann
An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017 - 2021	Rialtas na hÉireann
An Treochlár um Chuimsiú Sóisialta 2020-2025	Rialtas na hÉireann
n Straitéis um Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Cumhachtaithe 2019-2024	Rialtas na hÉireann
An Straitéis um Litearthacht agus Uimhearthacht 2011-2020	An Roinn Oideachais agus Scileanna




TELL US WHY
YOU LOVE
YOUR
LIBRARY!

Halloway's



FÍS, MISEAN & LUACHANNA

FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA



RÁITEAS MISIN

Is é aidhm Leabharlann Chontae Chorcaí pobail a chumhachtú trí rochtain a chur ar fáil ar acmhainní le beatha a saoránach a shaibhriú le hoideachas agus le heolas trí mheán tacú leis an litearthacht agus le dúil sa léitheoireacht agus trína gcur chun cinn; agus trí acmhainní a bhailiú agus a chaomhnú i ndáil le hoidhreacht chultúrtha Chorcaí.

Is sa Ráiteas Misin a leagtar amach croíluachanna na seirbhísí leabharlainne go han-soiléir; agus táthar tar éis na luachanna sin a neartú i rith saolré an Phlean Forbartha roimhe seo, go háirithe mar thoradh ar na dúshláin a tháinig

An misean chun pobail a shaibhriú agus a chur ar an eolas; chun an léitheoireacht, an litearthacht agus an cultúr a chur chun cinn - is leis na nithe seo a leanas atáthar tar éis é a thiontú ina Sheirbhís bhríomhar dírithe ar an bpobal:

CUMASÓIRÍ

- **Lucht Saothair na Leabharlainne**

Is iad an fhoireann os comhair na gcustaiméirí agus an fhoireann tacaíochta agus bainistíochta ag obair mar aon fhoireann amháin a sholáthraíonn an tseirbhís leabharlainne is fearr agus is féidir.

- **Bonneagar**

Is trí 25 leabharlann brainse agus ceithre leabharlann shoghluaiste a sholáthraítear an tseirbhís, maille leis an Rannóg staidéar áitiúil/ginealais i gCeanncheathrú na Leabharlainne agus trí Sheirbhísí Leabharlainne ar Líne lena n-áirítear: Ríomhnuachtáin, irisí, foghlaim ar líne agus ríomhleabhair teangacha agus closleabhair, podchraoltaí, físeáin faisnéise agus na meáin shóisialta.

- **Bailiúcháin do Dhaoine Fásta agus do Leanaí**

Lena n-áirítear leabhair, acmhainní closamhairc, Seirbhísí do Leanaí agus d'Aosaigh Óga. Feabhsú taithe an léitheora a chur chun cinn trí mheán cumann leabhar agus imeachtaí liteartha

- **Clár, Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí**

Clár éagsúil d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí náisiúnta agus áitiúla Liteartha, Ealaíonta, Cruthaitheacha, Cultúrtha agus don mheabhairshláinte agus sláinte cholanda dhearfach a chur i láthair; agus Straitéis Aoisbhá onghníomhach a sholáthar.

- **For-rochtain agus lonchuimsiú**

Lonchuimsiú agus comhionannas rochtana a chur chun cinn agus fónamh do Phobail Tuaithe go príomha tríd an tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste..

AN COMHTHÉACS

Braithfidh rathúlacht agus éifeachtacht fhadtéarmach na seirbhíse ar a cloí le rialacháin agus treoirlínte náisiúnta agus áitiúla lena dtugtar cosaint do shláinte agus do shábháilteacht na foirne, na gconraitheoirí agus an phobail; agus lena n-áirítear úsáid éifeachtúil na n-acmhainní.

GEALLSEALBHÓIRÍ

Aithnítear mar phríomh-gheallsealbhóirí, iad siúd leis an leas agus an cás is mó sa tSeirbhís Leabharlainne mar seo a leanas:

- Daoine den Phobal
- Na léitheoirí agus custaiméirí
- Comhairleoirí tofa agus lonadaithe grúpaí leasmhara
- Comhaltaí na gCoistí um Beartas Straitéiseach

Diarmuid Lynch (1878-1950)

Diarmuid Lynch, born in Granig, Tracton, County Cork is arguably the most forgotten leader of the 1916 Rising and was said to be the last man to leave the GPO at the end of Easter Week. He had the highest level of involvement of anyone from Cork in the Rising and was one of the most senior participants to avoid execution after the event.

The young Lynch inherited the strong nationalist tendencies of his father and found employment as a postal clerk after finishing his schooling. In 1895 he went to America to work in his uncle's agricultural machinery business, acquiring US citizenship in 1902. He became a member of language circles in New York before returning to Ireland as a rising member of the IRB. By 1914 he was a divisional commander in the United States in 1914 as a fundraiser. He returned to Ireland again in 1915 as a divisional commander. Kerry as the landing point for the 1916 Rising. The government was trying to organize...

He was sentenced to death on May 18 but this was commuted following the intervention of US President Woodrow Wilson. After a year in British prisons he was free by the start of 1918, becoming a TD for East Cork later that year.

As Food Commissioner of the first republican government he organized the export of pigs about to be shipped from the United Kingdom to Ireland, signifying the priority that was given to the issue of food. This escapade was reported in the world and became part of the legend of the 1916 Rising. He was imprisoned in Dundalk prison for two years and married one Kathleen Quinn. He was arrested by the British authorities and returned to America as a dangerous alien. He was arrested even before 1916. On arrival in the movement Friends of Irish Independence. The conclusion of the issue of Irish independence was discussed at the conference at Versailles.




Macallaí an Deiscirt maidir le 1916

Diarmuid Lynch (1878-1950)



ATHBHREITHNIÚ
2014-2019



“Leanfaidh Leabharlann Chontae Chorcaí ag comhlíonadh a misean trína líonra leabharlann brainse agus soghluaiste sa chaoi go mbíonn leabharlanna i gceartlár a bpobail, agus trí láithreacht mhéadaitheach gréasáin freisin, a fhéachann le freastal ar agus nascadh le daoine i sochaí dhigiteach. Ainneoin deacrachtaí eacnamaíochta tá súil againn ár n-áit sna pobail áitiúla san am atá ag teacht a choinneáil trína bheith soiléir faoinár ról agus trí athbhreithniú leanúnach ar an mbealach a dtugann muid faoi sin.”

Forbhreathnú: Plean Forbartha Leabharlainne Chontae Chorcaí 2014-19

Díríodh an soláthar seirbhíse ó 2014 – 2019 ar an todhchaí, agus ar bhealaí a iniúchadh ina bhféadfadh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí seirbhísí a fhorleathnú agus acmhainní a chomhroinnt. Ba le linn saolré an Plean Forbartha Leabharlainne (Forbhreathnú) 2014-2019 a chonaic an tseirbhís dúshlán gan choinne agus a thapaigh sí deiseanna nua. Tá dhá fhachtóir mhóra tar éis dul i bhfeidhm ar sholáthar na Seirbhíse, mar atá:

- Na hathruithe teorann idir an Chathair agus an Contae le haistriú Leabharlanna Bhaile an Chollaigh, Bhlarna agus Ghleann Maghair chuig Comhairle Cathrach Chorcaí
- Tá na Seirbhísí Leabharlainne tar éis bogadh ar bhonn náisiúnta chuig múnla seirbhísí agus acmhainní comhroinnte i go leor beartas a mbítear á rolladh amach ar fud na tíre. Áirítear leo sin an chatalóg náisiúnta leis an gcóras seachadta náisiúnta a chuireann ar ár gcumas bailiúcháin a chomhroinnt, seirbhís seachadta náisiúnta, soláthar clár agus beartais, ar fud 30 Seirbhís Leabharlainne ar bhonn náisiúnta.

Tá Leabharlann Chontae Chorcaí go hiomlán dírithe ar fhónamh don phobal trí fhuilleach ár 25 brainse agus ceithre leabharlann shoghluaiste, agus trí leanúint ar aghaidh lenár leibhéal seirbhíse fíorard do chustaiméirí thar gach modh a bheidh ar fáil dúinne, lena n-áireofar leabharlanna brainse agus soghluaiste, seirbhísí ar líne, staidéir áitiúla, láithreán gréasáin na leabharlainne agus na meáin shóisialta. Faightear athbhreithniú achomair sa mhéid seo a leanas ar na príomhéachtaí ón tréimhse faoi na ceannteidil Bonneagar, Bailiúcháin, For-rochtain & Cuimsiú, Acmhainní Daonna & Gníomhaíochtaí.



BONNEAGAR

LEABHARLANNA BRAINSE

Freastalaíonn na brainsí leabharlainne ar dhaonra éagsúil i mbailte móra chomh maith leis na bailte beaga faoin tuath agus iad suite in áitribh éagsúla ó thaobh méide, leagain amach agus baile de. Ba í an sprioc leis an bPlean Forbartha 2014 “Rochtain níos fearr a bheith ar na pointí seirbhíse leabharlainne ó thaobh rochtain fhisiceach chuig na foirgnimh/leabharlanna soghluaiste agus ar an spás gluaiseachta agus na háiseanna istigh iontu” (Leathanach 22); agus beartaíodh tosaíocht ard di le feabhsuithe le feiceáil sa limistéar sin ag beagnach gach aon bhainse le déanaí. Ba leis an gclár feabhsuithe sin ag feidhmiú ó cheann ceann saolré an phlean 2014-19 a tugadh feabhsuithe móra i gcrích ar dheardh, aeistéitic, bail struchtúrach agus inrochtaineacht thar aon ní eile:

ÉACHTAÍ 2014-19

Cionn tSáile

Cuireadh síneadh le huairéanta oscailte Leabharlann Chionn tSáile in 2019 chun cuidiú le héilimh a pobail a shásamh. Dheimhnigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in 2019 dámhachtain cistí ar Chomhairle Contae Chorcaí faoin Scéim Athnuachana Tuaithe chun foirgneamh an tSean-Mhuilinn i gCionn tSáile a uasghrádú.

Droichead na Bandan

Is leabharlann bhríomhar ghnóthach ilfheidhmeach í Leabharlann Droichead na Bandan Tá an easpa spáis d’fhorbairt tar éis cur isteach go mór uirthi ámh, agus mar sin fearadh fáilte mhór roimh an gcinneadh suíomh Phlás Phádraig a fhorbairt ina leabharlann mhór ilfheidhmeach thiar in 2018. Tá an suíomh sin sa chéim deiridh dá fhorbairt anois, agus tá foireann na leabharlainne agus na Comhairle ag obair i dtreo oscailt an bhainse úir in 2021.

Ceann Toirc

Tá seirbhís leabharlainne Cheann Toirc ag croílár an phobail, ach is le fada an bhliain atá dofhaighteacht áitribh oiriúnaigh tar éis cur i bhfeidhm go mór uirthi. Chuaigh sé sin in olcas in 2018 nuair ab éigean don tseirbhís athlonnú chuig leabharlann shoghluaiste ina stad istigh i gcarrchlós na Marglainne i gCeann Toirc. Aithníodh áitreabh oiriúnach in 2019 agus tá obair ar siúl faoi láthair chun an leabharlann a athlonnú chuige.

An Cóbh

Tar éis athchóiriú agus athdhearadh mór ar an bhfoirgneamh séadchomhartha sin, athosclaíodh Leabharlann an Chóibh thiar in 2015. Táthar tar éis tuilleadh oibreacha chur i gcrích ó shin i leith chun déanamhas an fhoirgnimh a fheabhsú, agus cé gur chuir an ghné oidhreachta den fhoirgneamh isteach ar chastacht na hoibre sin, is amhlaidh anois atá leabharlann álainn ag an gCóbh anois atá tíosach ar fhuinneamh agus atá inrochtana do chách.

An Ráth

Agus í suite i seanséipéal le hEaglais na hÉireann, rinneadh go leor feabhsuithe ar an bhfoirgneamh álainn seo lenar áiríodh oibreacha a cuireadh i gcrích ar limistéir an túir istigh sa leabharlann, ónar tháinig uasghrádú ar chistin agus seomra folctha na foirne, agus ina dhiaidh sin uasghrádú ar an limistéar pábháilte ag slí isteach na leabharlainne le lámhraiíl & rampa nua maille le soilsíú agus slándáil sheachtrach d’ardchaighdeán. Áiríodh le tuilleadh oibreacha in 2019 athmhaisiú ar phríomhfhoirgneamh na leabharlainne, péinteáil ar an taobh istigh, deasc agus cairpéid nua.

FUINNEAMH



Tá Comhairle Contae Chorcaí lántiomanta lena lorg carbóin a laghdú agus go mbeadh a pointí seirbhíse chomh tíosach ar fhuinneamh agus ab fhéidir. Is í a Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide a príomhionstraim chun tiomantas forghabhálach le Comhairle Contae Chorcaí i leith comhshaoil ísealcharbóin, atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus atá inbhuanaithe. Ba sa chomhthéacs sin a chuaigh an tSeirbhís Leabharlainne i mbun roinnt oibreacha feabhsaithe lenar áiríodh:

- Uasghráduithe téimh agus soilsithe curtha i gcrích i leabharlanna Mhala, na Rátha, Mhainistir Fhear Maí, Shráid an Mhuilinn agus an Chóibh.
- Táthar ag beartú comhláí gloine uathobrithe nua a shuiteáil ar dhoirse slí isteach i mbrainsí roghnaithe in 2020, rud a chabhróidh go mór le laghdú an teasa i rith an gheimhridh.
- Uasghráduithe ar an soilsíú i leabharlanna Dhún Mánmhaí, Chloch na Coillte chuig córas LED.



FOR-ROCHTAIN TUAITHE: AN TSEIRBHÍS LEABHARLAINNE

LEABHARLANNA BRAINSE

Is cuid lárnach dár dtiomantas chun fónamh do phobail tuaithe ar fud os cionn 7000 km cearnach de Chontae Chorcaí é ár bhflít cheithre leabharlann shoghluaiste, agus is cuid dhílis den soláthar seirbhíse leabharlainne iad, lena n-áirithítear go mbíonn rochtain ag gach saoránach ar sheirbhís leabharlainne, beag beann ar a suíomh ná ar a gcúinsí pearsanta. Freastalaíonn na leabharlanna soghluaiste ar os cionn 340 pointe seirbhíse lena n-áirítear 130 bunscoil, dhá Ionad Soláthair Dhíriú agus 23 Teach Altranais.

ÉACHTAÍ

- Forbraíodh Plean Oibríochtúil do Sholáthar na Seirbhíse Leabharlainne Soghluaiste in 2019.
- Foirniú: Leasaíodh struchtúr foirne na leabharlainne soghluaiste in 2019 lena chinntiú go bhfaightear Cúntóir Leabharlainne Sinsearach ar fhoireann gach leabharlainne soghluaiste, agus gurb é Leabharlannaí Feidhmiúcháin saintiomanta de Ghrád a sé a bhainistíonn ón gCeannteathrú í.
- Feithiclí nua: Seachadadh feithicil shaintógtha nua don Leabharlann Shoghluaiste Thiar in 2017, ag teacht in ionad an leagain ó 2003 tar éis iarratas rathúil ar chistiú. Deonaíodh cistiú d'athsholáthar na dtrí fheithicil eile ó 2003 ag deireadh na bliana 2019.
- Comhdhlúthú na mbealaí - rinneadh athbhreithnithe cuimsitheacha in 2015 agus in 2019 araon ar na pointí seirbhíse; rinneadh cuíchóiriú ar roinnt stadanna agus cuireadh síneadh le fad ceann eile. Bíonn custaiméirí teoranta sa chaoi ar féidir leo an tseirbhís a úsáid leis na constaicí ama a bhaineann le stadanna gearra, agus mar sin rinneadh iarracht a chinntiú gur áiríodh ar gach bealach stadanna d'fhad leordhóthanach le spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht bhríomhar leis an tseirbhís.
- Uathoibriú - Táthar tar éis an córas bainistíochta leabharlainne uathoibríthe a fhormhéadú leis na ceithre leabharlann shoghluaiste go léir a chlúdach. Is féidir le húsáideoirí rochtain a fháil anois ar a bhfaisnéis cuntais san fhíor-am nuair a thugann siad cuairt,





SEIRBHÍSÍ TFC/ AR LÍNE

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'obair na leabharlann soghluaiste agus brainse, soláthraíonn ardán ar líne Leabharlann Chontae Chorcaí seirbhís do phobal iomlán Chontae Chorcaí agus níos faide i gcéin. Chonacthas athruithe ábhalmhóra i leabharlanna na hÉireann sa tréimhse idir 2017 agus 2018. Tabhairt isteach córais bhainistíochta leabharlainne aontaithe náisiúnta Is le Leabharlanna Éireann a cheadaítear do dhuine ar bith le cárta leabharlainne poiblí earraí a fháil ar iasacht, a sheoladh ar ais agus a chur in áirithe in aon leabharlann phoiblí in Éirinn. D'éirigh an chatalóg ar líne ina catalóg náisiúnta, lenar bhain go leor ama, tiomantais, acmhainní agus oiliúna do leabharlanna agus d'fhoireann na leabharlann poiblí. Tugadh isteach córas seachadta náisiúnta in éineacht leis sin, rud a chruthaigh feabhsuithe ollmhóra ó thaobh seachadadh acmhainní d'úsáideoirí deiridh.

ÉACHTAÍ

- Forbraíodh agus seoladh aip na leabharlainne go luath in 2015. Tugadh gach seirbhís leabharlainne ar líne, catalóga, sonraí teagmhála, suíomhanna agus acmhainní ar líne le chéile ar bhealach so-úsáidte chun limistéar úsáideoirí ar líne a mhéadú.
- Thug Leabharlann Chontae Chorcaí Sierra isteach, an Córas Bainistíochta Leabharlainne náisiúnta nua i mí an Mhárta 2017 mar chuid de Chéim a trí de thionscadal an Chórais Bhainistíochta Leabharlainne Náisiúnta nua.
- Cuireadh clib slándála sna blianta ina dhiaidh sin ar 325,000 earra den stoc mar chuid de thabhairt isteach na mbothán féinfhrestail. Suiteáladh botháin i 11 brainse mar chuid den Chomhaontú Seirbhíse chúig bliana.
- 2018: Fuair leabharlann Chontae Chorcaí deontas €76,032 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus chuir Comhairle Contae Chorcaí €37,448 leis. Chuir sé sin ar chumas na Seirbhíse na cruu-earraí agus na bogearraí poiblí a fheabhsú, agus ríomhairí pearsanta, táibléid, scáileáin tadhaill, trealamh podchraolacháin á gcur leis, maille leis roinnt ríomhairí ardsónraíochta a bhí oiriúnach don dearadh grafach, códú, srl.
- Cuireadh Wi-Fi saor in aisce ar fáil don phobal sna brainsí, agus táthar tar éis an méid sin a uasghrádú.
- Le spreagadh a thabhairt do spéis leanaí sa teicneolaíocht, reáchtáladh ceardlanna Códaithe agus Lego i mbrainsí agus ar leabharlanna soghluaiste.
- Cuireadh uasghráduithe leathanbhanda i gcrích lenar cumasaíodh lánrochtain ar Chóras Bainistíochta na Leabharlann
- Uasghrádaíodh bonneagar TF na foirne agus bonneagar an líonra






STÁIDÉIR ÁITIÚLA

Is cuid ríthábhachtach d'aon seirbhís leabharlainne í seirbhís Staire Áitiúla mhaith le tuiscint a fháil ar an oidhreacht a bhaineann le ceantar sonrach ar bith.

Is le rianú na staire ginealaigh a thugtar daoine chuig áiteanna agus amanna nach raibh aithne orthu roimhe sin, rud a thugann tuiscint don duine aonair ar dhúchas a muintire féin agus ar a rannchur leis an tsochaí i gcoitinne.

STADÉIR ÁITIÚLA 2014-2020

- Foilsíú in 2016 den treoir *The Footsteps of our Ancestors: a guide to tracing ancestors*. Ba threoir í h an-tóir uirthi agus cuireadh athchló uirthi ó shin i leith.
- Coimisiúnú taighde agus scríobh *Too Beautiful for Thieves and Pickpockets a History of Spike* in 2016.
- Atheagrú na Leabharlainne Staidéar Áitiúil in 2019 d'fhonn spás oscailte a chruthú do thaispeántais amach anseo agus do thaispeántais/sheoltaí leabhair.
- Is le seoladh láithreán gréasán na Staidéar Áitiúil www.corklocalstudies.ie in 2017 a áirithítear go mbíonn ár mbailiúcháin (os cionn 2,200 earraí atá ar fáil faoi láthair) inrochtana anois do dhuine ar bith ar spéis leo stair Chorcaí. Áirítear leis an ábhar sin: Bailiúchán amharclannaíochta James N. Healy, Bailiúchán Horgan ó Eochaill, leabhair nótaí Colm Creedon, Dermot McCarthy Photographic, Bailiúchán Lawrence - Leabhair Mhiontuairiscí Chomhairle Dhroichead na Bandan agus go leor bailiúchán grianghrafadóireachta
- Ranganna ar líne agus podchraoltaí a fhorbairt: sraith podchraoltaí bunaithe ar thaispeántais roimhe seo agus ar stair teaghlaigh/ghinealas chomh maith le físeáin ina ndéanfar taiscéaladh ar na bailiúcháin, rud a léiríonn modhanna cuardaigh d'úsáideoirí nua na seirbhíse. Is leis na hacmhainní sin a áirithítear rochtain chianda ar go leor de na bailiúcháin.
- Rannpháirtíocht leanúnach le staraithe agus le cumainn/comhlachais stairiúla agus le comhpháirtíochtaí gairmiúla le héagsúlacht coláistí, agus leasghrúpaí gairmiúla lena n-áirítear Coláiste Stiofáin Naofa, Cork Genealogical Society (Cumann Ginealach Chorcaí) agus go leor bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- Neartú na comhpháirtíochta le Carlanna Contae agus Cathrach agus le Leabharlann Staidéir Áitiúla Leabharlann Chorcaí agus le Leabharlann COC.
- Ghlac Staidéir Áitiúla rannpháirt i ngach clár bliantúil imeachtaí






BAILIÚCHÁIN

Áirítear le bailiúcháin leabhair, acmhainní closamhairc agus ar líne. Bainistítear an bailiúchán teideal agus acmhainní trí Rannóg na Seirbhíse Bibleagrafaíochta lena n-áirítear Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga. Tá Leabharlann Chontae Chorcaí tar éis a áirithiú riamh anall go mbíonn stoc leabhar ar fáil d'úsáideoirí leabharlainne de gach aois agus dúil. Is ag croílár na Seirbhíse Leabharlainne a fhaightear seirbhísí bibleagrafaíochta.

ÉACHTAÍ 2014-19

- Forbraíodh Beartas Bailiúchán agus Beartas Bainistíochta Stoic in 2014, ar dearadh an dá cheann acu leis an úsáid is fearr a bhaint den stoc go léir leis an úsáideoir deiridh i gceist leo i gcónaí. Is iad baill foirne le taithí a roghnaíonn na bailiúcháin a bhíonn ar fáil go cúramach, agus ní hamháin go dtairgtear éagsúlacht stoic d'fhormáidí éagsúla leo ach go dtacaíonn siad le gach clárú imeachtaí, tionscnamh náisiúnta agus clár for-rochtana.
- Aistriú chuig córas náisiúnta um sholáthar stoc leabhar na leabharlainne. Tá Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí ina ball de chreachonradh atá i bhfeidhm do sholáthar Leabhar do Leabharlanna Poiblí.
- Ghlac an tSeirbhís Leabharlainne páirt san idirmhalartán agus seirbhís seachadta leabhar náisiúnta, rud a ligeann do chustaiméirí leabhar ar bith nó earra éigin eile a iarraidh ó leabharlann ar bith i bPoblacht na hÉireann agus earraí ar iasacht a thabhairt ar ais áit ar bith sa tír. Seachadtar na hearraí iarrtha go díreach chuig leabharlann brainse nó shoghluaiste an chustaiméara. Tá an chatalóg leabharlainne náisiúnta ar fáil do chustaiméirí anois, agus is mó ag ár léitheoir an tseirbhís fhormhéadaithe sin.
- B'fhorbairt rithábachtach eile don tSeirbhís Leabharlainne í infhaighteacht an stoic i bhformáidí nua freisin - ríomhleabhair/ríomhírísí/ríomh-chlosleabhair srl. Bíonn tóir ag spriocluchtanna nua orthu sin, le daoine ag fáil rochtana ar leabhair agus ar irisí óna bhfóin, óna dtáibléid agus ó ghléasanna eile.



ACMHAINNÍ DAONNA

Tá líonra foirne tiomanta agus solúbtha ag Leabharlann Chontae Chorcaí atá tar éis dul in oiriúint do nuálaíochtaí agus dúshláin nua i rith saolré an Phlean Forbartha 2014-19

- Plean Lucht Saothair: Idirbheartaíodh, comhaontaíodh agus cuireadh chun feidhme plean lucht saothair i a tréimhse 2014-19. Neartaíodh an tseirbhís leis sin trí líonta foirne a chomhdhlúthú chun ligean d'fhás intuartha sna blianta amach romhainn agus chun cinnteacht a mhéadú d'athsholáthar foirne de réir mar a thioctadh folúntais aníos.
- Athruithe Teorann: Tháinig athruithe ar an bPlean Lucht Saothair mar thoradh ar na hathruithe don teorainn idir Cathair Chorcaí agus Contae Chorcaí in 2019, le haistrithe foirne agus le haistrithe seirbhíse a thabhairt san áireamh.
- Córas Bainistíochta Feidhmíochta: Glacann foireann agus lucht bainistíochta na Leabharlainne i gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Chomhairle Contae Chorcaí.
- An oiliúint - eochairghné de PMDS: Tugadh ar ais in 2019 an córas cistiú a thabhairt do líon beag foirne le staidéar a dhéanamh ar cháilíocht iarchéime sa leabharlannaíocht. Tá baill foirne anuas air sin tar éis oiliúint a fháil thar raon limistéar lena n-áirítear an t-ilchultúrachas, an aoisbhá, an éagsúlacht chéadfach agus néarach, na meáin dhigiteacha, agus oiliúint TF chomh maith le deiseanna oiliúna náisiúnta lena n-áirítear cúrsaí oibre, foghlaim teaghlaigh, an litearthacht agus a thuilleadh nach iad. Táthar tar éis an oiliúint a sholáthar ar an láthair sna brainsí agus sa Cheanncheathrú chomh maith leis na seimineáir agus sna ranganna.



SEIRBHÍSÍ DO LEANAÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA

Tá an tSeirbhís do Leanaí ag croílár Sheirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí. Is cuidh ríthábhachtach den tseirbhís í go mbeadh rochtain a thabhairt do leanaí ar fharisinge litríochta agus faisnéise ar pribhléid do Leabharlann Chontae Chorcaí í a dhéanamh. Is le rochtain ar sheirbhís leabharlainne den scoth a thugtar rochtain do leanbh ar litríocht, faisnéis, teicneolaíocht agus réimse leathan gníomhaíochtaí cultúrtha agus oideachasúla i suíomh a bhíonn inrochtana do chách.


Tá an feachtas náisiúnta An Ceart chun Léitheoireachta tar éis a bheith ina eochairghné do chomhordú agus díriú Seirbhísí Leabharlainne do Leanaí.

Is tionscnamh comhoibríoch tras-rialtais é An Ceart chun Léitheoireachta ina soláthraítear creat comhordaithe ar bhonn náisiúnta don tacaíocht don litearthacht agus d'fhorbairt na léitheoireachta laistigh de gach aon údarás áitiúil. Maoinítear den chuid is mó leis na húdair áitiúla é, agus cuirtear chun feidhme é trí Phleananna Gníomhaíochtaí Cheart chun Léitheoireachta i ngach aon chathair agus contae. Tacaíonn An Ceart chun Léitheoireachta le forbairt na litearthachta do dhaoine aonair, teaghlaigh agus leanaí; agus soláthraíonn sé croisheirbhísí, acmhainní agus tionscnaimh do réimse grúpaí úsáideoirí.

Our Public Libraries 2022 p24

Áirítear leis An Ceart chun Léitheoireachta ceithre chlár náisiúnta le spreagadh a thabhairt don léitheoireacht agus leis an litearthacht a chur chun cinn i measc leanaí agus teaghlach – Scéalaíocht an Earraigh, Réaltaí an tSamhraidh, Féile Leabhar na Leanaí agus Am Teaghlaigh ag do Leabharlann. Tá an réimse imeachtaí a soláthraíodh le cúpla bliana anuas tar éis méadú faoi na ceithre chlár sin, agus táthar tar éis teimpléad agus struchtúr a fhorbairt do na himeachtaí. Áirítear seirbhísí do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i gContae Chorcaí leis an gclár mar shampla tacair úrscéalta do ranganna agus seisiúin faisnéise ónar tháinig rannpháirtíocht mhéadaithe le cuairteanna léitheoireachta, litearthachta agus leabharlainne ó scoileanna. Is grúpa líonra comhpháirtithe atá mar chuid dhílse den chlár An Ceart chun Léitheoireachta a oibríonn i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí le seirbhísí litearthachta a sholáthar do réimse leathan grúpaí ar fud an Chontae. Tháinig tionscadail chomhpháirtíochta éagsúla dá bharr sin, lena n-áirítear:

- Méadú ar scéim na n-úrscéalta ranga le 180 teideal a áireamh idir Leabhair Phictiúr agus Ficsean Sinsearach atá oiriúnach do dhaoine suas leis an 6ú rang.
- Ag cur leis an réimse imeachtaí do leanaí agus do theaghlaigh le tabhairt isteach Am Teaghlaigh ag do Leabharlann i rith mhí na Nollag faoin gClár An Ceart chun Léitheoireachta.
- Idirchaidreamh le hOifig Ealaíon an Chontae le húdair na Féile Leabhar do Leanaí agus a saothair a thabhairt do leanaí ar fud an chontae.
- Méadú leanúnach sna leibhéal rannpháirtíochta léitheoireachta i Réaltaí an tSamhraidh agus na leibhéil rannpháirtíochta is airde sa tír á ngnóthú ag Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí ar bhonn leanúnach. Ghlac 5726 leanbh i Réaltaí an tSamhraidh agus d'fhreastail 3282 duine ar na himeachtaí in 2019.
- Rannpháirtíocht leanúnach le grúpaí pobail agus imeallaithe i gContae Chorcaí trí thionscadail cosúil le foilsíú "Maggie May's Day", leabhar a scríobhadh in 2018 ina bhfacthas teanga thraidisiúnta na Seiltise ag Lucht Siúil na hÉireann. Rinneadh an tionscadal sin i gcomhpháirt le grúpa Lucht Siúil Chorcaí Thuaidh agus le COC, agus fuair sé maoiniú ó Éire Ildánach.
- Tabhairt isteach Laethanta Litearthachta do Leanaí i Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí leis na údair Judi Curtin, Dave Rudden agus Kieran Mark Crowley in 2018; agus lá "Litríocht agus Lego" inar cuireadh le chéile an teicneolaíocht agus an litríocht le Padraig Kenny agus Owen O'Doherty in 2019.
- Óstáladh seimineáir faoi "Dúil sa Léitheoireacht a Spreagadh" chun tacú le múinteoirí agus le tuismitheoirí




CUIMSIÚ & FOR-ROCHTAIN

Bíonn dualgas ar gach Comhlacht Poiblí in Éirinn an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc, agus cearta an duine a chosaint d'fhostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann a mbeartais agus a bpleananna i bhfeidhm orthu.

Is dualgas dlíthiúil é sin ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí don Chomhionannas agus do Chearta an Duine in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Tá Leabharlann Chontae Chorcaí tar éis a bheith ar thús cadhnaíochta sa réimse sin, agus go hoibríochtúil freisin sna leabharlanna brainse agus soghluaiste aonair. Is feasach do na baill foirne éilimh na ndaoine a shainathint inabpobail agus comhpháirtíochtaí a chruthú le hoibrithe tacaíochta, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí rialtais eile. Bíonn ionadaíocht ag an tseirbhís ar an gCoiste um Beartas Speisialta um Chuimsiú Sóisialta, Forbairt Pobail agus Tuaithe; a bhíonn tiomanta chun cuimsitheacht shóisialta a chothú trí fhorbairt na mbeartas iomchuí. Mar fhreagairt do na héilimh mhéadaitheacha ón bpobal, agus chun cuidiú le cur leis na bunsraitheanna atá curtha ar an leibhéal áitiúil, sannadh freagracht ar Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach in 2018 as soláthar Seirbhísí Cuimsitheachta i Leabharlann Chontae Chorcaí: Mar thoradh air sin:

- Tháinig comhoibriú agus comhpháirtíocht le héagsúlacht grúpaí agus eagraíochtaí chun éifeacht iolraitheora a ghnóthú i dtéarmaí forbairt líonra agus rochtain na Seirbhíse Leabharlainne a fhairsingiú.
- Comhphlé a chruthú le gníomhaireachtaí LADT sa chaoi go mbíonn bealach ann do shreabhadh na faisnéise ó na grúpaí sin sa líonra na leabharlann brainse agus soghluaiste chuig na ceantair chathrach agus thuaithe araon.
- Oiliúint d'fhoireann na leabharlainne sa dea-chleachas chun fónamh d'éilimh phobal na héagsúlachta néaraí lena n-áirítear daoine leis an uathachas agus dá mbaineann fadhbanna céadfacha.
- Comhpháirtíocht agus idirchaidreamh le grúpa ionadaíochta an Lucht Siúil agus le hoibrithe tacaíocht ar fud an Chontae.
- D'éirigh linn maoiniú a fháil do:
 1. Clár litearthachta New Start in 2020 chun tacú le leanaí le fadhbanna litearthachta nó le leanaí atá ag foghlaim an Bhéarla.
 2. Tionscadal leis an tseirbhís leabharlainne arna tairiscint do theaghlaigh nualonnaithe de theifigh ón tSiria i mbailte éagsúla i gContae Chorcaí a fheabhsú, agus clár gníomhaíochtaí agus imeachtaí a chur chun feidhme go rathúil le fáilte a fhearadh roimh na teaghlaigh isteach sa phobal, leis na seirbhísí infhaighte a thabhairt chun solais, agus le heolas a thabhairt agus le ligean d'idirghníomhú idir na teaghlaigh agus a bpobal nua. Maoiníodh an dá thionscadal sin le maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin arna riaradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
 3. Fuarthas maoiniú go rathúil freisin ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe le raon trealaimh chéadfaigh agus troscán a sholáthar do leabharlann



COCHALL CÉADFACH

A bhuíochas don mhaoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó Chomhairle Contae Chorcaí, suiteáladh an Cochall Céadfach i Leabharlann Mhala i mBealtaine 2020. Tugann sé spás suaimhneach inar féidir le daoine fásta nó leanaí a scith a ligean. Tá soilse idirghníomhacha ann ar féidir a ndathanna a athrú le cur in oiriúint don ghíúmar chomh maith le scáileán foghlama idirghníomhach atá bunaithe ar android agus a bhfuil callairí Bluetooth gan sreang ann.

AN AOISBHÁ

- D'fhorbair Leabharlann Contae Chorcaí Beartas agus Straitéis Aoisbhá mar chuid de Straitéis Aoisbhá na Comhairle i gcomhairle le Comhairle na nDaoine Breacaosta.
- D'éirigh Leabharlann Mhainistir Fhear Maí ina treoir-Leabharlann Aoisbháúil do Leabharlann Chontae Chorcaí i mí Eanáir 2019. Bhain comhairliúchán le húsáideoirí leabharlainne níos sine leis an tionscnamh le measúnú a dhéanamh ar a riachtanais i dtéarmaí seirbhíse leabharlainne agus inrochtaineachta. Oiriúnú na seirbhísí reatha agus soláthar seirbhísí feabhsaithe leis na héilimh sin a chomhlíonadh. Ar bhonn sonrach leis an rannpháirtíocht sa chlár náisiúnta, comhlíonadh na tiomantais sin laistigh d'amlíne shonraithe: seirbhísí faisnéise sonracha do sheanóirí, ceardlanna sonracha do sheanóirí, soláthar suíochán áisiúil do sheanóirí.

Tháinig méadú ar 19.3% ar an daonra os cionn 65 bliain d'aois idir na daonáirimh 2012 agus 2016. Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta d'fhorbairt baile Aoisbháúla ar fud an Chontae, rud atá mar léiriú díreach ar an éileamh ar ionchuimsitheacht na ndaoine breacaosta, de réir mar atá ár ndaonra ag aistriú isteach na grúpaí aoise níos sine.



Healthy Ireland
at your Library





IMEACHTAÍ & CLÁIR

Thug Leabharlann Chontae Chorcaí faoi chlár mór imeachtaí agus gníomhaíochtaí sa tréimhse 2014-19 lenar ardaíodh infheictheacht na Seirbhíse agus lenar cruthaíodh comhpháirtíochtaí láidre leis an bpobal eolaíochta agus acadúil i gCathair agus i gContae Chorcaí. Áiríodh leis na himeachtaí promóisin éagsúla sa tréimhse sin na Comórthaí Neamhspleáchais náisiúnta. Bhí an tSeirbhís ag iarraidh deiseanna nua a fháil le nascadh chuig réimse comhpháirtithe níos forleithne, agus le héagsúlacht nasc agus comhpháirtithe fíorluachmhara a chruthú lena linn sin.

“Tá Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Chorcaí tar éis raon iontach imeachtaí agus tionscnamh a mholadh a chuirfidh an cultúr agus an chruthaitheacht i gcroílár Líonra Leabharlann an Chontae, agus is cinnte go gcomhlíonann siad aidhmeanna foriomlána na 5 Cholún de Phlean Náisiúnta Éire Ildánach”

Plean Chontae Chorcaí Éire Ildánach 2017-2

Áirítear an méid seo a leanas leis na samplaí:

COMÓRTHAÍ

Cuimsíodh go leor blianta comórthaí sa tréimhse idir 2015-19. D’óstáil Leabharlann Chontae Chorcaí éagsúlacht léachtaí, taispeántas, imeachtaí ceoil, imeachtaí liteartha le comóradh a dhéanamh ar an tréimhse chorrathach sin dár stair. Seoladh le taispeántas é i Leabharlann an Sciobairín in 2015 mar chomóradh ar bheatha agus ar bhás Uí Dhonnabháin Rosa. Rinneadh comóradh sna himeachtaí sin ar phearsaí móra le rá i stair na linne, agus cuimhníodh ar shaíocht na scríbhneoirí cosúil leis an gcéad Leabharlannaí Contae i gCorcaigh, Frank O’Connor, chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh ar bheatha gnáthdhaoine na linnte trína litríocht agus trína gceol.

BLIAIN AN TSOLAIS

Ainmníodh an bhliain 2015 mar Bhliain Idirnáisiúnta NA an tSolais agus do theicneolaíochtaí solasbhunaithe. Chuir Leabharlann Chontae Chorcaí bliain gníomhaíochtaí i dtoll a chéile timpeall ar an téama sin, i gcomhpháirt le CIT, COC, Institiúid Tyndall, Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe, Concern agus Cork Astronomy; inar taiscéaláíodh éagsúlacht bealaí ina mbaineann lárnacht le coincheap an tsolais dár mbeatha, dár mbéascna agus dár leas. D’óstáil Leabharlann Chontae Chorcaí 85 gníomhaíocht agus imeachta ó cheann ceann 2015 lenar áiríodh éagsúlacht taispeántas, ceardlann agus gníomhaíochtaí.

SAMHRADH AN SPÁIS

Ba dhea-scéala mór do Chorcaigh é an Clár Staidéar Spéis i Samhradh 2017 le CIT ag feidhmiú mar óstionad do Chomhdháil Spáis mhór. Tugadh cuireadh do Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí le bheith mar chomhpháirtí le Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT le clár leathan agus anéagsúil imeachtaí i ndáil leis an spás, “Samhradh an Spáis”, chuig leabharlanna brainse agus soghluaiste i gContae Chorcaí. Áiríodh leis an gclár Samhradh an Spáis 12 ceardlann, 14 imeacht faoi chruinneachán na réaltaí, 17 léacht agus 5 thaispeántas. Glacadh le téama an Spáis sna himeachtaí Leabharlainne brainse agus soghluaiste ar fud an tsamhraidh freisin, agus chuir Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT gné ionaidh leis trí fheidhmiú mar thionlacan leis an Iriseoir Spáis Leo Enright chun labhairt sa Scoil agus i leabharlanna Oileán Chléire agus Inis Arcáin. D’fhreastail beagnach 2000 duine trí chéile, nó bhí siad páirteach sa chlár Samhradh an Spáis in ionaid éagsúla.

FOIREANN PROMÓISEAN

Rinne an tSeirbhís Leabharlainne tuilleadh dul chun cinn lena saothar promóisin agus clárúcháin in 2018 trína branda féin a fhorbairt le comhsheasmhacht a chinntiú. Bunaíodh Foireann Promóisean shaintiomanta in 2019.

Ba iad na príomhlimistéir freagrachta clárúchán na n-imeachtaí a chomhordú, promóisean agus margaiocht onghníomhach a áirithiú agus branda leabharlainne a chruthú. Agus ár suíomh ag croílár na bpobal áitiúil á chothabháil, cuimsítear an méid sin leis an mbrandáil isteach i gcoincheap níos leithne ar ról foriomlán na Leabharlainne agus i bhfeasacht faoinár bhféiniúlacht chorparáideach. Áiríodh le roinnt buaicpointí eile faoin bhFoireann Promóisean nua:

- Lá Oscailte Leabharlainne d'fhoireann go léir na Comhairle Contae
- Ceannach méadaithe d'earraí brandáilte
- Lá Oscailte Leabharlainne Náisiúnta
- Léamha le Danielle McLaughlin agus Catherine Kirwan do Lá Idirnáisiúnta na mBan
- Seastán ag Seó Samhraidh Chorcaí 2019
- Bileoga seirbhíse nua
- Lá na Filíochta

AN EORAIP DHÍREACH

Dámhadh stádas mar Ionad Faisnéise na hEorpa Díri ar Leabharlann Mhala idir 2012-17, mar chuid de líonra arna chruthú ag an gCoimisiún Eorpach d'ionaid faisnéise áitiúla i ngach aon Bhallstát. Scaip an Leabharlann faisnéis agus comhairle go gníomhach faoi bheartais an Aontais Eorpaigh, agus chuir chun cinn díospóireacht áitiúil agus réigiúnach faoin Aontas Eorpach. D'óstáil Leabharlann Mhala éagsúlacht imeachtaí idir dhíospóireachtaí agus cheardlanna, chuir sí chun cinn ETIM sna scoileanna, go háirithe do chailíní; agus clúdaíodh ábhair éagsúla iontu amhail gairmréimeanna, taisteal, dlí, aeráid, inbhuanaitheacht agus cultúr.



ÉIRE NA SLÁINTE

Healthy Ireland at your Library is part of the national strategy that aims to help improve the health and well-being of the Nation and is funded by the Department of Health. Since its inception in 2017, the initiative has been rolled out across the Cork County Library's network of branches and mobiles.

ÉACHTAÍ

- Tá brainsí Leabharlann Chontae Chorcaí tar éis tairbhe a bhaint as stoc i ndáil leis an tsláinte a cuireadh le bailiúchán gach leabharlainne brainse. Táthar tar éis os cionn 100 teideal a chur leis an mbailiúchán go nuige seo i ngach aon bhrainse. Agus é deartha chun an tseirbhís faisnéise reatha maidir le cur chun cinn na sláinte a bhfuil ar fáil ag do leabharlann áitiúil a fheabhsú, clúdaíonn bailiúchán Éire na Sláinte réimse leathan ábhar idir aclaíocht agus chothú, mheabhairshláinte agus fholláine, leanbhaois shláintiúil agus andúil.
- Bíonn rochtain ag iasachtóirí lena mballraíocht leabharlainne freisin ar réimse ríomhleabhar, ríomhírisí agus ríomh-chlosleabhar lena n-áirítear irisí i ndáil leis an tsláinte agus idir theidil ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair. Cuireadh na céadta teideal nua leis an stoc.
- Reáchtáladh réimse leathan éagsúil d'imeachtaí sláinte oiriúnach do gach aois, i mbrainsí ar fud an chontae. D'fhreastail 3,726 duine ar 176 imeacht idir 2017 agus Márta 2020. Áiríodh leis na himeachtaí cainteanna le diaitéitigh faoin itheachán sláintiúil do dhaoine breacaosta, cuairteanna ag aonad móibíleach Fhoras Croí na hÉireann le léamha brú fola a ghlacadh, ióga cathaoireach agus ceardlanna siúlóide le spreagadh a thabhairt do thairbhí an tsiúil, cainteanna tuismitheoireachta.
- Bhain an tSeirbhís Leabharlainne tairbhe as rannpháirtíocht le comhpháirtithe áitiúla. Áiríodh leo sin Comhpháirtíocht

YOUR GOOD SELF (YGS)

Is clár teiripe léitheoireachta (bibliteiripe) é Your Good Self, Clár Féinchabhrach Dearfach Chorcaí, do gach aois ina gcuirtear chun cinn an mheabhairshláinte agus an fholláine dhearfach. Forbraíodh an clár i gcomhpháirt leis an FSS, cuimsítear sa chlár bailiúchán mór leabhar féinchabhrach a ndearnadh léirmheas orthu agus a fuair moltaí ó Shíceolaithe Cliniciúla na FSS, agus a chuirtear ar fáil lena bhfáil ar iasacht nó lena n-iarraidh ó do Leabharlannaí Áitiúil; chomh maith le cainteanna agus seisiúin faisnéise arna gcur i láthair ag Síceolaithe Cliniciúla na FSS i Leabharlanna ar fud an chontae. Áirítear leis na hábhair a chlúdaítear faoin gclár, gan a bheith teoranta dóibh: imní, tromaíocht, dúlagar, fadhbanna féinmheasa agus tuismitheoir dhearfach.



YGS was awarded The Irish Chambers Award in 2015.

ÉACHTAÍ 2014-2019:

- Expansion of full YGS collection to all large and medium branches across Library network.
- Promotion of YGS programme at all HSE Stress Control Courses, Cork County Council Teen Talks and National Workplace Wellbeing day events.
- Engagement with HSE Partners to present information sessions in Libraries across the county on a variety of topics such as mindfulness, making the most of your retirement, positive parenting, etc.

VPresentation of information sessions across the County to coincide with national and international wellbeing events such as Positive Ageing Week, World Mental Health Day, etc.

CLÁR AN TIONSCNAIMH FUAIME

Seoladh an Clár sin in 2017 tar éis an chéad chomhdháil d'Éire Ildánach. Le tacaíocht ó Éire Ildánach éascaíonn sé do bhaill leabharlainne uirlis cheoil a fháil ar iasacht saor in aisce, agus deiseanna á soláthar dá réir do gach duine aonair sa chontae lena gcumas cruthaitheach a fhíorú.

Is le méadú an bhailiúcháin a cumasaíodh sinn le héascú do bhlociasachtaí chuig scoileanna, tithe altranais agus ionad Soláthair Dhirigh.

ÉACHTAÍ

- Uirlisí sa stoc: Boscaí ceoil, bainseónna, bodhráin, drumáí bongó, méarchláir, giotáir, maindilíní, ucaileilí agus veidhlíní. Tá fás tar éis teacht ar an mbailiúchán ó 70 go 446 uirlis. Taifeadh 365 iasacht uirlisí in 2019.
- Maoiniú: Deontais ó Éire Ildánach, cistí leabharlainne agus tabhartais uirlisí ón bpobal.
- Tairiscintí breise: Tá ceardlanna cumtha ceoil curtha ar fáil againn i leabharlanna agus i gceardlanna fiseáin.
- Gradaim: cuireadh ar ghearrliosta na nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil in 2019, agus bhuaigh duais ag comh-chomhdháil 2019 den Chumann Leabharlann/CLIP.

WORK MATTERS

Is tionscnamh leabharlainne náisiúnta é Work Matters atá deartha chun tacaíochtaí a chur ar fáil don ghnó agus don fhostaíocht. Na húsáideoirí le gnóthais nuathionscanta, atá ag cuardach poist nó atá ag féachaint lena scileanna a uasghrádú nó le hathoiliúint a fháil; gheobhaidh siad eolas agus comhairle ina leabharlann áitiúil. Soláthraíonn leabharlanna na hacmhainní eolais chun tacú le gnó agus le fostaíocht, i gcrúachóip agus ar líne; agus soláthraíonn siad saoráidí Wi-Fi agus clódóireachta freisin maille le hionad le taighde agus staidéar a dhéanamh ann.

Tugadh faisnéis agus oiliúint do gach ball foirne na leabharlainne síos trí na blianta 2017 agus 2018 ar an gclár Work Matters.


- Bhunaigh gach brainse leabharlainne i gContae Chorcaí limistéar brandáilte ar leith le stoc leabhar agus ábhar tacúil Work Matters a thaispeáint ann.
- Reáchtáladh imeachtaí i gcomhpháirt le hIntreo agus leis an Roinn Fostaíochta agus leis na hOifigí Fiontair Áitiúla. D'óstáil leabharlann Dhroichead na Bandan aonach post leis an Roinn Fostaíochta le seastáin faisnéise ó fhostóirí áitiúla agus deiseanna oideachasúla agus athoiliúna ann. D'fhreastail leabharlann Eochaille agus Mhainistir na Corann ar aontaí post arna n-óstáil ag SECAD in 2018.
- Reáchtáladh seisiún líonraithe in 2019 le foireann leabharlainne inar tugadh faisnéis do gach teagascóir BOO faoin gclár Work Matters agus faoi thionscnaimh leabharlainne eile. I gcomhar leis an BOO, reáchtáladh cúrsaí cuardaigh poist i leabharlanna an Chóibh agus an Sciobairín.
- Reáchtáladh roinnt seisiún meantóireachta i rith na mblianta 2019 agus 2020 i leabharlanna éagsúla i gcomhpháirt leis na hOifigí Fiontair Áitiúla.

NA HEALAÍONA AG DO LEABHARLANN

Tagann Seirbhís Ealaíon Chontae Chorcaí faoi choimirce an Leabharlannaí Contae, agus faoi bhainistíocht an Oifigigh Ealaíon. Oibríonn na seirbhísí comhlántacha arna dtairiscint ag na rannóga Leabharlainne agus Ealaíon le chéile chun seirbhís fheabhsaithe a thairiscint don phobal.

ÉACHTAÍ 2015-19

- Sholáthair an tSeirbhís Ealaíon clár gníomhaíochtaí agus imeachtaí i ngach aon leabharlann brainse a bhí bríomhar, dea-bhainistithe agus láidir ó thaobh na n-ealaíon de: áiríodh leis an gclár bliantúil Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Cruinniú na nÓg, Ealaíona an tSamhraidh do dhaoine óga, Féile Leabhar na Leanaí.
- D'oibrigh an tSeirbhís Ealaíon i ndlúthchomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne lena tiomantais a sholáthar faoin bhfeachtas Ceart chun Léitheoireachta lenar áiríodh Scéalaíocht an Earraigh, Réaltaí an tSamhraidh, Féile Leabhar na Leanaí agus Am Teaghlaigh ag do Leabharlann. Coimisiúnaíodh dráma nua do shuíomhanna leabharlainne Crossword, Craft makers Commission srl.
- Chuaigh an tSeirbhís Ealaíon i gcomhpháirt le healaíontóirí gairmiúla ó gach disciplín chun féidearthachtaí nua a fhorbairt do ghníomhaíochtaí agus tionscadail rannpháirtíochta cruthaithí don phobal le rochtain a fháil orthu trí mheán na Seirbhíse Leabharlainne.
- Ritheann an tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon an comórtas "From the Well" gach aon bhliain ina nglacann sí le haighneachtaí gearrscéalta. Is í an tSeirbhís Ealaíon a eagraíonn agus a fhoilsíonn díolaim bhliantúil de ghearrscéalta trinár Seirbhís Leabharlainne.

A young girl with long brown hair is looking towards a red-haired rag doll. The doll has a white face with a red nose and is wearing a green and white striped shirt. The background is a blurred indoor setting with a green and yellow patterned object.

“Tá líonra leabharlann an Chontae ina acmhainn iontach, agus ina ardán, go leanúnach do ghrúpaí an Chontae agus é tiomanta i leith grá don litríocht agus don chruthaitheacht liteartha a chur chun cinn”

Plean Chontae Chorcaí Éire Ildánach 2017-22



AN BHLIAIN 2020

Bliain gan choinne!



AN BHLIAIN 2020: BLIAIN GAN CHOINNE

Bhain dúshlán mór do Leabharlann Chontae Chorcaí le paindéim Covid-19 a bhí mar bhagairt ar bhunús na bpobal ar a bhfreastalaímid. Ba chúis le crá croí do leabharlannaithe agus don phobal araon iad na srianta ar an tseirbhís agus dúnadh sealadach na ndoirse. D'éirigh leis an tseirbhís teacht slán tríd an dúshlán chun freastal ar phobal Cho. Chorcaí. D'fheidhmigh an tSeirbhís Leabharlainne eochair-ról mar chuid de na Moil Tacaíochta don Phobal agus den struchtúr tacaíochta Foireann Baile, agus d'oibrigh mar chuid de Ghrúpa Soláthair Chlár Covid-19 agus d'Fhóram Freagartha Covid-19

AMANNA COVID-19 Ó MHÁRTA GO NOLLAIG 2020

- Seachadtaí Teaghlaigh: Seachadadh 2926 leabhar go díreach chuig léitheoirí teaghlaigh nárbh fhéidir leo cuairt a thabhairt ar ár leabharlanna brainse agus soghluaiste.
- Tugadh 55,498 ríomh-chlosleabhar agus 50,506 ríomhleabhar ar iasacht idir Márta agus tús na Nollag 2020 ag baill Leabharlann Chontae Chorcaí. Chláraigh baill na Seirbhíse Leabharlainne & Ealaíon Chontae Chorcaí le haghaidh 1150 cúrsa móid 287 teanga sa tréimhse chéanna.
- Seachadadh 300 paca ealaíne agus cúig ualach veain de bhréagáin, uirlisí agus seachadtaí leabhar éagsúla chuig teaghlaigh na nIonad Soláthair Dhíreach.
- Ghlac 12,187 duine rannpháirt i 42 imeacht ar líne le haghaidh Féile Leabhar na Leanáí.
- Seoladh 200 paca ceardaíochta, 700 cárta agus tacar scríbhneoireachta chuig custaiméirí a d'fhreastalódh de ghnáth ar ghrúpaí ceardaíochta agus scríbhneoireachta i mbrainsí Leabharlann Chontae Chorcaí.
- Taifeadadh 3733 glao ar Chóras Freagartha Ghlaio an Phobail.
- Léirigh an tSeirbhís Leabharlainne i rith an ama sin go raibh sí ar thús cadhnaíochta de sholáthar seirbhíse nuálach. Mar thoradh ar Fhóram Freagartha Pobail, chuir an tSeirbhís Leabharlainne méadú leis an gcomhoibriú agus an rannpháirtíocht le rannóga agus gníomhaireachtaí eile na Comhairle amhail Comhairle Daoine Breacaosta Chorcaí agus le comhlachtaí seachtracha amhail An Garda Síochána agus an FSS. Leanann Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí léi ag comhoibriú le Service rePublic, Foireann Dearthóireachta Seirbhíse intí de chuid Chomhairle Contae Chorcaí le nuáil agus breisluach a thabhairt do chustaiméirí.



"As the level of government closest to citizens, the local government sector have developed and implemented innovative solutions across all functional areas and in their delivery of public services in response to COVID-19 challenges".

Overview of Local Authority Covid-19 Innovations, LGMA, Bealtaine 2020

FREAGAIRT NA LEABHARLAINNE DO COVID-19

Seirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach: Chomh fada agus na srianta agus dianghlásálacha Covid-19 i bhfeidhm, rinneadh ár n-acmhainní leabharlainne soghluaiste a ath-leithdháileadh lenár Seirbhís Leabharlainne do Dhaoine Gafa sa Teach a sheachadadh go díreach chuig doirse na léitheoirí clutharaithe agus leithlisithe.

D'fheidhmigh foireann na Mol Tacaíochta don Ghlaó an Phobail de chuid Leabharlann Chontae Chorcaí eochair-ról i bhforbairt struchtúr an Mhoil Tacaíochta Pobail inar triáiseáladh 3733 iarratas ar chúnamh san iomlán idir Márta agus Nollaig 2020. D'oibrigh foireann na Leabharlainne i gcomhar le rannóga Chomhairle Contae Chorcaí, grúpaí pobail áitiúla, agus comhlachtaí saorálacha agus reachtúla cosúil leis an FSS, Crois Dhearg na hÉireann, Bord Oideachais agus Oiliúna srl. chun cúnadh le baill leochaileacha den phobal.

Ba bharrthábhachtach í freagairt rannóg TF de chuid Leabharlann Chontae Chorcaí don ghéarchéim – rud a d'áirithigh rochtain ar sheirbhísí ar líne agus a d'éascaigh don obair chianda don fhoireann. Táthar tar éis 45 ríomhaire glúine le baill foirne a chur leis nó a uasghrádú chun tacú leis an obair chianda.

Seirbhísí ar líne: Rinne Rannóg TF na Leabharlainne fairsingiú agus cur chun cinn ar sheirbhísí ar líne éagsúla lenár áiríodh ríomhleabhair, closleabhair, nuachtáin agus ríomhírisí iníoslódáilte.

Chuaigh Féile Leabhar na Leanaí ar aghaidh ar líne le seisiúin údair Zoom a soláthraíodh go díreach chuig na bunscoileanna. Cheadaigh sé sin do scoileanna fiú sna suíomhanna is iargúlta le páirt a ghlacadh inti. Ghlac 12,187 duine rannpháirt i 42 imeacht ar líne d'Fhéile Leabhar na Leanaí.

Seoladh an tSraith Podchraoltaí Staidéir Áitiúla i mbliana. D'fhorbair foireann Staidéar Áitiúil i gcomhar le rannóg TF na Leabharlainne, sraith podchraoltaí bunaithe ar ábhair staire áitiúla arbh inspéise do staraíthe áitiúla, mic léinn agus dóibh siúd le spéis acu i stair an gceantair féin. Clúdaíodh leis na hábhair The Story of Youghal's Bridges, Why I Can't Find My Ancestors, Henry Ford & Son: The Cork Connection

Bhí an-tóir i measc an phobail ar an oideachas ar líne agus ar theangacha, de réir mar a ghlac daoine an dúshlán teanga nua a fhoghlaim, scileanna gairmiúla a fheabhsú agus caithimh aimsire nua a dhéanamh.

Soláthraíodh ar líne an Clár Folláine lenár áiríodh an clár Go dTé Tú Slán agus éagsúlacht gníomhaíochtaí cultúrtha agus folláine ar líne le hardú meanman a thabhairt don phobal. Dirítear an clár náisiúnta "Go dTé Tú Slán" ar léiriú a thabhairt do dhaoine ó gach aois faoin gcaoi inar féidir linn aire a thabhairt dár sláinte cholanda agus meabhrach agus dár bhfolláine trí nósanna sláintiúla agus cabhrach a chur lenár ngnásanna laethúla agus seachtainiúla. Thug an tSeirbhís Leabharlainne treoirlínte, faisnéis, agus leideanna maille le deiseanna nua chun cur leis an bhforás agus leis an bhforbairt phearsanta. Áiríodh leo sin seimíneáir ghréasáin agus podchraoltaí ar ábhair idir stair áitiúil agus bhainistiú an struis agus chaithimh aimsire nua a thosú chomh maith le tuilleadh spéiseanna traidisiúnta amhail an léitheoireacht agus an litríocht. Thiomsaigh foireann na Leabharlainne tráthanna na gceisteanna seachtainiúla d'aoisigh agus do leanaí a comhroinneadh ar líne agus áiríodh na cóipeanna freisin le

Seachadadh pacáí litearthachta agus ealaíne chuig 300 leanbh sa Soláthar Díreach agus tháinig an tseirbhís sna sála air sin trí mhaoiniú Lá Súgartha Náisiúnta a fháil le trealamh ealaíon, spórt agus litearthachta a cheannach do na Leanaí sna Ionaid Soláthair Dhírigh.

Seoladh ceardphacaí olla, pacáí scríbhneoireachta agus cártaí ceana chuig custaiméirí nárbh fhéidir leo rochtain a fháil ar a leabharlanna.

Oiliúint ar líne / foghlaim fhéintreoraithe: Thapaigh baill foirne na cúrsaí ar líne trí mheán acmhainn na Seirbhíse Leabharlainne "Rang Uilíoch", scileanna TF a fheabhsú, inniúlacht i gclár amhail Excel, agus Word chomh maith le scileanna cumarsáide agus a thuilleadh nach iad. Ceapadh seisiúin eolais shaincheaptha agus cúrsaí oiliúna agus sholáthair baill foirne agus lucht bainistíochta na Leabharlainne ar líne do bhaill agus baill foirne.



SOUND Initiative

SOUND Initiative

SOUND Initiative
FREE ACCESS
to all instruments



AN TODHCHAÍ 2020-2025



BONNEAGAR

Cuimsítear leis an tSeirbhís 25 Leabharlann Brainse agus ár Rannóg Staidéar Áitiúil agus lasachtaithe i gCeannteathrú na Leabharlainne. Bainistítear iad seo ar bhonn áitiúil faoi láthair, agus déantar iad a riaradh ar Bhonn Rannánach an Tuaiscirt, an Deiscirt agus an Iarthair. Bíonn na brainsí go mór ar thús cadhnaíochta na seirbhíse, ag freastal ar éilimh na gcustaiméirí agus ag soláthar na nasc antábhachtach don Chontae agus fiú féin don tSeirbhís Náisiúnta. Coinneoidimid orainn thar na chéad chúig bliana eile le feabhsuithe ar bhonneagar fisiceach trí bhithin uasghráduithe brainse, éifeachtúlacht agus inrochtaineacht fuinnimh a fheabhsú, agus filleadh ar chlárúchán leabharlainne den scoth tar éis Covid-19. Is leis an taithe agus an bonn foghlama a thiocfaidh ón bpaindéim a mhúnlófar gníomhaíochtaí na todhchaí, rud a áiritheoidh go mbeidh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí fós an-fheiceálach ar bhonn áitiúil agus náisiúnta.

Áireofar le cuspóirí do na blianta 2020-25:

- Athbhreithniú leanúnach ar gach pointe seirbhíse lena áirithiú go bhfreagróimid d'athruithe agus d'fhorbairt sa déimeagrafach agus sna pobail ar fud an chontae i gcomaoin ar ár gcomhpháirtithe um chuimsiú sóisialta agus cruthaitheacha m.sh. Comhairle na nDaoine Breacaosta.
- An t-athbhreithniú ar uaireanta gnó reatha lena áirithiú go dtairgeann leabharlann na hamanna oscailte optamúla. Áireofar leis sin machnamh a thabhairt don chlár Mo Leabharlann Oscailte i suíomhanna oiriúnacha eile.
- Leanfaimid orainn ag athbhreithniú leabharlann chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú de réir mar is féidir.
- Cur chun cinn oscailt Leabharlann Dhroichead na Bandan in 2021. Áireofar leis an leabharlann seo Spás Déantóra agus Spás Códúcháin breise don phobal.
- Is le hoscailt na Leabharlainne nua i gCionn tSáile in 2022 a chlaochlófar an tseirbhís arna tairiscint do mhuintir Chionn tSáile. Tairgfear leis an bhfoirgneamh mór ilchuspóireach seo éagsúlacht leathan deiseanna d'úsáid pobail agus chultúrtha. Maoiníodh an tionscadal seo leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe arna riaradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
- An t-athbhreithniú leanúnach ar líon foirne sna brainsí lena áirithiú go mbíonn líon foirne iomchuí ar gach leibhéal chun an tseirbhís is fearr agus is féidir linn a sholáthar.
- Soláthar leanúnach na mbealaí cumarsáide do gach ball foirne brainse agus go háirithe dóibh siúd a oibríonn ina n-aonar.
- Clár feasachta a fhorbairt d'fhonn infheictheacht na leabharlainne brainse sa phobal a mhéadú tríd an leabharlann a chur ag lár an aonaigh d'fhaisnéis agus do chruinnithe.
- Forbairt na hoibre le grúpaí agus pobail imeallaithe, agus neartú an ionchuir sa nasc le grúpaí féile áitiúla chun an tseirbhís a thairgtear do chách a fheabhsú.
- An t-athbhreithniú ar bhailiúcháin laistigh de raon feidhme agus méid na bhfoirgneamh, agus gach seirbhís agus clár laistigh de sin d'fhonn bailiúchán stoic den scoth a áirithiú don iasachtú. Leagan amach brainse, leibhéal stoic, troscán agus fearas a athbhreithniú srl. sa chaoi go mbíonn an spás sin oiriúnach agus iomchuí d'éilimh na mball foirne agus n-úsáideoirí.

Tá súil agam go háirithe leis sin bláthú na bpleananna a fheiceáil don leabharlann atá ar na bacáin le fada an lá ag Cionn tSáile.

Sliocht ó Aighneachtaí poiblí

- Aistriú leabharlann Cheann Toirc chuig an áitreabh nua-athchóirithe óna suíomh sealadach ag carrchlós na Marglainne. Tá an foirgneamh nua 173m² ar mhéid, agus soláthrófar rochtain nuair a bheidh sé comhlíonta ar leabharlann áisiúil agus inrochtana nua-aimseartha do phobal Cheann Toirc. Beidh spás sa leabharlann ar phlean oscailte do thuairim ar 18,000 earra stoic chomh maith le limistéir shuíocháin don staidéar, úsáideoirí idirlín agus don léitheoireacht nuachtán. Tabharfar le limistéar leanaí nua troscán agus seilfeanna dathúla geala, limistéar scéalaíochta agus saoráidí friothála leanaí. Beidh an foirgneamh lánchumasaithe don wi-fi, agus beidh rochtain ag úsáideoirí leabharlainne freisin ar shaoráidí fótachóipeála agus clódóireachta.
- Infheistíocht leanúnach i Leabharlann na Rátha, foirgneamh sainchomhartha atá mar chuid lárnach den dréachtaighneacht nuafoilsithe ó Chomhairle Contae Chorcaí "Enhancement of public realm at the Charleville Library including : Re-landscaped plaza area "Bruce Place". Áirítear leis an bplean sin limistéar pláis ath-thírdhreachaithe, cosán nua do choisithe ag cúl na leabharlainne, nasc ón bpríomhshráid trí go dtí slí isteach breise nua ar pháirc an bhaile, pábháil, suíocháin, tírdhreachú bog, plandú cuimhneacháin agus crainn uirbeacha, suiteáil ealaíne nua agus soilsiú.
- Athchóiriú Leabharlann an Sciobairín le doirse rochtana uathoibríthe agus clós athfhorbartha a áireamh léi.
- Athfhorbairt fhoirgneamh Bhearna na Sceiche i Maigh Chromtha, lena n-áirítear an leabharlann phoiblí. Maoinítear an tionscadal le Comhairle Contae Chorcaí, leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.
- Athchóiriú ar Leabharlann Mhainistir na Corann a chur ar aghaidh, agus leanúint leis an obair chun cistiú a fháil do leabharlann nua in Eochaill.
- Beartú tosaíochta do sholáthar áitribh fheabhsaithe istigh ar Oileán Chléire agus ar Inis Arcáin chun tacú le tionscnaimh phobail níos forleithne agus chun ceadú don tseirbhís freagairt d'éilimh an phobail.
- Leanúint ar aghaidh ag lorg réiteach éifeachtach um bainistiú saoráidí do gach áitreabh leabharlainne.

MO LEABHARLANN OSCAILTE

Roghnaíodh Leabharlann Mhainistir Fhear Maí mar shuíomh don chéad tionscadail Mo Leabharlann Oscailte i gContae Chorcaí. Le maoiniú ó dheontas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, tairgtear ar Mo Leabharlann Oscailte uaireanta oscailte breise do bhaill leabharlainne, idir 8 r.n. agus 10 i.n. 365 lá ó cheann ceann na bliana.

Éascaítear don rochtain ar an leabharlann le linn uaireanta gan foireann trí shlí isteach uathoibríthe ar an leabharlann brainse trí mheán cárta ballraíochta leabharlainne agus rochtain le pin. Áirítear leis na seirbhísí a bhíonn ar fáil i rith na n-uaireanta sin: scaoileadh agus tabhairt ar ais leabhar agus ábhair leabharlainne eile, rochtain idirlín ar ríomhairí pearsanta, úsáid wi-fi, clódóireacht agus fótachóipeáil, spásanna staidéir agus léitheoireachta agus saoráidí cruinnithe pobail.

Soláthrófar leis an tionscadal seo solúbthacht agus caoithiúlacht níos mó don phobal i Mainistir Fhear Maí trí cheadú dóibh rochtain a fháil ar an leabharlann ag amanna a oireann dá n-éilimh. I gcomhar leis na saothair don tionscadal Mo Leabharlann Oscailte, táthar ag beartú roinnt feabhsuithe don fhoirgneamh freisin.



FOR-ROCHTAIN TUAITHE:

AN TSEIRBHÍS LEABHARLAINNE SHOGLHUAISTE

Leanfaidh an tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste ar aghaidh sna blianta 2020-25 ag tabhairt na seirbhíse chuig gach ceantar den Chontae ag soláthar seirbhísí leabharlainne agus naisc le hacmhainní ar fud an chontae agus ar fud na tíre. Áireofar leis na spriocanna don tSeirbhís Leabharlainne shoghluaiste:

- Cur chun feidhme agus athbhreithniú ar straitéis na seirbhíse leabharlainne soghluaiste
- Seachadadh na dtrí fheithicil shoghluaiste nua i mbun seirbhíse go luath in 2021. Machnamh leanúnach agus cúramach ar an sceideal, tráthchlár bríomhar ar stadanna ina bhfeictear go leor úsáide i dteannta le naisc fheabhsaithe leis an líonra brainsí, rud a áiritheoidh taithí fheabhsaithe d'úsáideoirí na seirbhíse leabharlainne soghluaiste.
- Saothrú le bacainní ar bith a bhaint roimh rochtain ar an tseirbhís leabharlainne soghluaiste, amhail sceidealú, suíomhanna, fad na stadanna. Leanúint ar aghaidh ag nascadh leis an Straitéis Aoisbhá, Work Matters, Ceart chun Léitheoireachta, srl. le for-rochtain agus naisc le clárúchán reatha a fheabhsú. Díreofar na seirbhísí d'lonaid Soláthair Dhírigh ar bhealaí le rannpháirtíocht agus soláthar seirbhíse a fheabhsú. Rannpháirtíocht leanúnach leis an gCoiste Beartais Speisialta um Chuimsiú Sóisialta, Ghnóthaí Pobail agus Tuaithe.
- Comhar agus comhshaothrú méadaithe idir an líonra brainsí agus an tseirbhís leabharlainne shoghluaiste. An tseirbhís leabharlainne soghluaiste a oiriúnú le húsáid na seirbhíse trí chéile a fheabhsú le spreagadh a thabhairt d'úsáideoirí dul i ngleic le pointí eile dá gcóras leabharlainne. Is le comhar agus comhshaothrú méadaithe idir an líonra brainsí agus an tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste a éascófar don idirmhalartú faisnéise sin agus a fheabhsófar an tseirbhís do gach úsáideoir.
- Úsáid na teicneolaíochta úire le soláthar seirbhísí leabharlainne a fheabhsú do phobail faoin tuath mar shampla tabhairt isteach na clódóireachta cianda ar na trí fheithicil nua, rud a cheadóidh do chustaiméirí doiciméid a sheoladh óna ngléasanna féin sa bhaile le clóbhualadh sa leabharlann shoghluaiste. Tá nasc Wi-Fi ar bord Leabharlann Shoghluaiste Iarthar Chorcaí, agus beidh na feithicil nua cumasaithe don wi-fi freisin, agus beidh scáileáin taispeána dhigiteacha agus soilsíú céadfach iontu. Barrfheabhsóidh an tSeirbhís Leabharlainne úsáid teicneolaíochtaí d'úsáideoirí agus baill foirne na seirbhíse leabharlainne.
- Úsáid agus infheictheacht mhéadaithe na bpointí seirbhíse sna pobail dá bhfóntar, ag oibriú i dtreo seirbhíse a bheidh infheicthe agus nótaílte, fiú amháin nuair nach mbíonn sí i láthair iontu. Ba cheart go dtiocfadh rannpháirtíocht agus úsáid mhéadaitheach ag pointí seirbhíse ó nasc níos mó idir an tseirbhís agus a pobail. Tiocfaidh deiseanna suntasach anuas leis an teachtaireacht a sholáthar le seoladh na bhfeithicil nua.

Tar éis rath na seirbhísí do dhaoine atá gafa sa teach, agus i bhfianaise an éilimh orthu ba léir le linn srianta na dianghlasála in 2020, fiosróimid an fhéidearthacht do sheirbhís do chustaiméirí atá gafa sa teach inár mbailte agus sráidbhailte, ach nach féidir leo taisteal go dtí an foirgneamh leabharlainne is gaire dóibh. Breithneofar custaiméirí atá gafa sa teach san ceantair níos sia faoin tuath dá n-áireamh le sceideal reatha na leabharlainne soghluaiste, de réir mar is féidir.



SEIRBHÍSÍ TFC NA LEABHARLAINNE

Bíonn Seirbhísí TFC na Leabharlainne ag athrú i gcónaí. Cé go bhfeidhmeoidh an bonneagar TFC atá ar fáil dár seirbhís ról ríthábhachtach sa chaoi ina soláthróimid seirbhísí don phobal, agus do chumas ár mball foirne iad sin a sholáthar, is mó i bhfad ná seirbhís bhonneagair í. Feidhmeoidh na seirbhísí ar líne maille leis an bhfoghlaim dhigiteach ról tábhacht inár seirbhís amach anseo.

- Uasghrádú agus forbairt an bhonneagair TF phoiblí, lena n-áirítear leathnú na réiteach bainistithe féinphriontála nó roghanna priontála wi-fi cianda eile i mbrainsí agus sna leabharlanna soghluaiste; agus fiosrú a dhéanamh freisin ar réitigh féinseirbhíse eile, a bheadh mar chomhlánú agus breisluach dár seirbhísí reatha, agus Microsoft Office a shuiteáil ar gach ríomhaire pearsanta poiblí.
- Tosaíocht a bheartú d'fhoireann TFC dhea-oilte agus le dóthain ball inti. Foireann TFC shaintiomanta agus le dóthain ball inti, bunaithe sa Cheanncheathrú agus faoi bhainistíocht duine le Grád a Seacht; beidh sé sin ríthábhachtach chun seirbhísí TFC na Leabharlainne a sholáthar agus a fhorbairt.
- Uasghrádú an leathanbhanda: Uasghrádóidh Leabharlann Chontae Chorcaí a bonneagar leathanbhanda i ngach aon suíomh, agus rachaidh sí i rannpháirt le Gníomhaireachtaí Rialtais i gcomhair rolladh amach na dtionscnamh Leathanbhanda cosúil le Wi-Fi4EU
- Imscrúdú ar réitigh fuinnimh ghlasa don bhonneagar TF agus idirchaidreamh leis an earnáil fuinnimh le haghaidh réiteach costéifeachtach chun bonneagar TF na Leabharlainne a chumhachtú.
- Taiscéaladh agus forfheidhmiú leanúnach ar Mo Leabharlann Oscailte i suíomhanna oiriúnacha.
- Forbairt leanúnach na n-acmhainní agus na seirbhísí ar líne i gcomhréir leis na srianta de chuid an chuibhreannais náisiúnta seirbhísí leabharlainne na n-údarás áitiúil.
- Forbairt breise inti ar an réimse acmhainní agus seirbhísí ar líne a bhíonn ar fáil do bhaill Chontae Chorcaí de gach aois. De réir mar a thiocfaidh méadú ar an éileamh, beidh sé tábhachtach go náiritheofar go mbeidh buiséad níos inbhuanaithe ar fáil amach anseo go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh atá réamh-mheasta don éileamh. Tá an tseirbhís leabharlainne tiomanta chun muirir ar bith don phobal a choinneáil íseal. Áirítear leis sin na muirir sin don chlódóireacht agus don fhótachóipeáil a choinneáil chomh híosta agus is féidir.
- Tabharfar isteach forbairt níos leithne ar chur chun cinn na seirbhíse trí mheán na n-ardán meán sóisialta. Tabharfar isteach nuachtlitir leictreonach do bhaill na leabharlainne lena gcoinneáil ar an eolas, agus déanfar láithreán gréasáin na leabharlainne a uasghrádú agus a athbhreithniú sa chaoi go mbeidh sé níos mealltaí agus níos idirghníomhaí. Déanfar tuilleadh forbartha ar Aip na Leabharlainne freisin le breis feidhmiúlachta a áireamh uirthi. Suiteálfar cláir thaispeána dhigiteacha i ngach aon suíomh sa tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste le heolas a thabhairt don phobal faoi sheirbhísí, imeachtaí, srl.
- Tabhairt faoi shuirbhé ar an mbonn custaiméirí le measúnú a dhéanamh ar easnaimh sna scileanna TF agus soláthar na hoiliúna chun freagairt do na héilimh sin ar ábhair amhail an tsábháilteacht agus an tslándáil idirlín. Déanfaidh foireann TFC na leabharlainne taiscéaladh ar chruthú fiseán féinchabhrach do phatrúin a bhaineann leas as ár n-acmhainní ar líne agus as seirbhísí na leabharlainne. Is le forbairt an tionscnaimh Ambasadóirí Digiteacha Aoisbháula a áiritheofar go mbeidh baill níos sine na leabharlainne fós nasctha – tá sé tábhachtach go n-áiritheoidh go mbíonn na scileanna acu chun leanúint ar aghaidh ag fáil rochtana ar sheirbhísí na leabharlainne.
- Forbairt mhéadaithe ar chlár i ndáil le hábhair ETIM, lena n-áirítear cur chun cinn seisiún códaithe agus soláthar bogearraí breise chun tacú le dearthóireacht, cluichíocht agus códú; agus le forbairt clár TF for-rochtana nuálacha a thaiscéaladh.

- Tuilleadh infheistíochta sa teicneolaíocht le cur ar chumas na leabharlainne seirbhís a shíneadh amach níos mó le gach duine sa phobal. Áireofar leis sin soláthar tuilleadh táblaí idirghníomhacha chun éascú don súgradh agus don fhoghlaim ag daoine dá mbaineann néaltrú measartha nó géar chomh maith leo siúd le míchumais intleachtúla, deacrachtaí foghlama agus leis an uathachas.
- Na leabharlanna a bhunú mar mhoil d'acmhainní digiteacha le forbairt na scileanna digiteacha a chothú i measc an phobail úsáideoirí, agus seomraí foghlama digiteacha saintiomanta a chruthú, ag tosú le Leabharlann athfhorbartha Dhroichead na Bandan agus iad a rolladh amach ar bhraisíní roghnaithe breise.
- Méadú agus forbairt ar an tairiscint phodchraolta reatha, ag éascú do phodchraoltaí breise ón bhfoireann agus ón bpobal araon. Féachfaimid le limistéir thaifeadta podchraoltaí a fhorbairt freisin.
- Leanúint ar aghaidh le hardú scileanna i measc fhoireann na leabharlainne trí fhóram TF a thabhairt isteach don fhoireann le haghaidh ceisteanna/réiteach TF féinchabhrach agus oiliúint TF spriocdhírthe breise don fhoireann; lena bhfuasclófar fadhbanna teicniúla freisin ar bhealach tapúil.
- Córas cruinnithe/oiliúna fíorúil don fhoireann a bhunú ar bhonn buan, ag obair in éineacht leis na struchtúir um chruinnithe fisiceacha chun tacú le scaipeadh na faisnéise. Beidh níos mó infheistíochta de dhíth chuige sin sa bhonneagar TFC.
- Roghanna maoinithe a fhiosrú ar bhonn leanúnach le buntáiste a bhaint as aon fhéidearthachtaí um maoiniú TFC Áirítear leo sin comhpháirtíochtaí a imscrúdú leis an earnáil TF agus le hinstiúidí i gceantar Chorcaí m.sh. lucht tionscail, ollscoileanna, agus gníomhaireachtaí stáit.



LOCAL STUDIES at
CORK COUNTY LIBRARY

www.corkcoco.ie/library-services

Podcast Episode 03 / Mac Curtain & MacSwiney:
Lord Mayors of Cork by Kieran Wyse



STÁIDÉIR ÁITIÚLA

Táthar ag samhlú mar Sheirbhís go rachaidh do Rannóg Staidéir Áitiúil ó neart go neart sna blianta 2020-25. Táthar tar éis na spriocanna seo a leanas a aithint:

- Straitéis maidir le Staidéir Áitiúla a fhorbairt.
- Láithreán Gréasáin na Staidéir Áitiúil a fhorbairt localstudies@corkcoco.ie le hinfheictheacht uasta agus sorochtaineacht a áirithiú do thaighdeoirí agus d'úsáideoirí cibé áit a mbeidh siad.
- Próifíl na Staidéir Áitiúil a chur chun cinn i measc úsáideoirí ionchasacha nua agus éilimh na núsáideoirí nua a shainaithint chomh maith le leanúint ar aghaidh le méadú na rannpháirtíochta leis na leabharlanna brainse agus soghluaiste.
- Láithreoireachtaí limistéar-shonracha a fhorbairt lena dtaispeáint i ngach brainse leabharlainne chun suntas a thabhairt ar an ábhar foinseach a bhíonn ar fáil lena cheadú i leabharlann na Staidéir Áitiúil.
- An saothar leanúnach ar an gcartlann Covid-19 agus a forbairt ina hacmhainn inrochtana chomh maith le méid roghnaithe ábhair a fhoilsiú i bhfoirm leabhráin.
- Forbairt breise ar chlár digitiúcháin na Staidéir Áitiúil agus carnadh leanúnach na mbailiúchán. Tiocfaidh earraí tearca agus uathúla ónár mbailiúchán mar thoradh air sin á gcur ar fáil trí mheán láithreán gréasáin na Staidéir Áitiúil.
- Méadú breise ar chlár na Staire Teaghlaigh lena n-áirítear taighde a dhéanamh ar fhoinsí agus acmhainní chun cúnaimh leo siúd nach de bhunadh na hÉireann a gcuid sinsear lena gcuid fiosruithe staire teaghlaigh agus staire sóisialta.
- Féile Staire Áitiúla Leabharlann Chontae Chorcaí a bhunú lena n-áireofar an fhormáid, cainteoirí ionchasacha, sprioclucht, srl. a fhiosrú sa tsúil í a bhunú mar imeacht rialta.



LOCAL STUDIES at
CORK COUNTY LIBRARY

www.corkcoco.ie/library-services

Podcast Episode 06 /
Christmas Traditions of Cork by Kieran Wyse



BAILIÚCHÁIN

Dearadh Beartas Leabharlann Chontae Chorcaí maidir le Bailiúcháin agus maidir le Bainistiú Stoic araon leis an leas is fearr a bhaint as gach stoc leis an úsáideoir deiridh ag a gcroí i gcónaí. Ceaptar agus athbhreithnítear na beartais sin i gcomhthéacs na ndéimeagrafach athraitheach i gContae Chorcaí. Is baill foirne le taithí a roghnaíonn na bailiúcháin roghnaithe go cúramach, le héagsúlacht stoic a thairiscint i bhformáidí éagsúla chomh maith le tacaíocht a thabhairt do gach clárúchán imeachtaí, tionscnaimh náisiúnta agus cláir for-rochtana.

Go ceann na chéad chúig bliana eile beidh Seirbhísí Bibleagrafaíochta ag cur leis an mbonn reatha, le formhéadú a bailiúchán, le measúnú ar stoc agus le bainistiú an stoic a chúchóiriú ar feadh an líonra brainsí agus leabharlann soghluaiste. Is iad na cuspóirí do na chéad chúig bliana eile:

- Forbairt na mbailiúchán leabhar mar ionchas agus léiriú ar éilimh úsáideoirí lena n-áirítear cineál ilchultúrtha Chontae Chorcaí. Beidh iarracht sheasmhach de dhíth air sin chun caiteachas ar leabhair in aghaidh an duine a mhéadú i gcomhréir le leithdháiltí buiséadacha.
- An díocas chun an luach is fearr ar airgead a ghnóthú maidir le soláthar stoic trí rannpháirtíocht sa Soláthar Náisiúnta agus trí chloí leis na Creat-chomhaontuithe Soláthraí Náisiúnta. Rachaidh an tSeirbhís i ngleic le soláthraithe freisin agus beidh sí ag lorg na soláthraithe is fearr agus is féidir do na hacmhainní sin a thagann lasmuigh den Chreat Náisiúnta.
- Forbairt cláir do leithdháileadh an stoic thar an gcontae lena áirithiú go mbaintear úsáid ghníomhach as an stoc sna brainsí agus sna leabharlanna soghluaiste agus go méadaítear an tathrú stoic do leabharlanna soghluaiste, go háirithe do scoileanna, tithe altranais, srl.
- Ceannach leanúnach foilseachán de spéiseanna, inneachar agus nasc áitiúil chomh maith leis an mbailiúchán ábhar mhéadú a thuilleadh i Leabharlann na Staidéar Áitiúil, agus le hinfhaighteacht ábhair neamhficsin agus thagartha d'ardchaighdeán a áirithiú dá réir.
- Méadú na n-acmhainní ar líne (ríomhleabhair/ríomh-chlosleabhair) mar fhreagairt do choitiantacht mhéadaitheach na bhformáidí sin, agus cuíchóiriú ar bhailiúchán na dtréimhseachán i gcomhréir le héilimh athraitheacha na n-úsáideoirí.
- Forbairt leanúnach de sheirbhísí leanaí le dóthain stoic agus dóthain acmhainní le fáil iontu. Leanfaidh an tSeirbhís ar aghaidh ag méadú na mbailiúchán litearthachta i gcomhairle le Rannóg na Scoileanna agus le comhpháirtithe oideachasúla.
- Tacaíocht leanúnach d'obair na n-údar áitiúil trí ábhar féinfhoilsithe agus ábhar ó fhoilsitheoirí beaga a cheannach.
- Soláthar marthanach do mheithleacha léitheoireachta leabharlainne trí mhéadú ar Bhailiúcháin an Chlub Leabhar chun bailiúchán teideal bríomhar éagsúil a thógáil i bhformáidí agus teangacha éagsúla, agus le cóipeanna iolracha díobh ar fáil.
- Measúnú agus nuashonrú ar Bheartas na mBailiúchán, ar an mBeartas um Bainistiú Stoic agus forbairt cláir do tharraingt siar an stoic chaite d'fhonn úsáid optamúil an spáis a áirithiú. Beidh an tSeirbhís ag lorg tuilleadh réiteach de shíor ar an gcatalóg stoc, agus le diúscairt inbhuanaithe/neamhdhíobhálach don chomhshaol an stoic chaite a áirithiú.
- Forbairt buiséid inbhuanaithe a bheidh tiomanta



SEIRBHÍSÍ DO LEANAÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA

- Bailiúcháin leabhar leanaí a fhorbairt i mbrainsí leabharlainne le héilimh athraitheacha úsáideoirí a léiriú.
- An réimse imeachtaí sa chlár Ceart chun Léitheoireachta a fhorbairt agus a mhéadú i gcomhar le treoir ón LGMA.
- Forbairt leanúnach ar imeachtaí ar líne do leanaí le féilire measctha a chumasú le roinnt imeachtaí ag tarlú sna leabharlanna agus roinnt eile ar líne.
- Teagmháil a bhunú le hIonaid Luathfhoghlama i gContae Chorcaí mar chuid den tionscnamh Ceart chun Léitheoireachta. Is é POBAL a chuirfidh léarscáiliú na n-ionad sin ar fáil, agus déanfar teagmháil le leabharlanna brainse áitiúla le hIonaid Luathfhoghlama ina gceantar chun seirbhísí leabharlainne iomchuí a sholáthar.
- Forbairt ar réimse leabhar a oireann do leanaí agus déagóirí uathacha.
- Méadú ar raon na n-acmhainní litearthachta a bhíonn ar fáil do leanaí, déagóirí agus aosaigh le stoc leabhar feabhsaithe, bogearraí, físeáin faisnéise, bileoga agus imeachtaí.
- Forbairt ar raon leabhar agus bileog eolais agus acmhainní chun cúnamh le tuismitheoirí ina gcúram tuismitheoireachta. Is iad na limistéir a thaiscéaltar an oiliúint leithris agus an codladh do thachráin agus an tsláinte ghnéis do dhéagóirí.
- Cothabháil an naisc le scoileanna i gContae Chorcaí le méadú leanúnach na n-úrscéalta ranga, bailiúcháin maidir le hacmhainní teagaisc agus idirghníomhú leabharlainne brainse leis na scoileanna ina gceantar.
- Forbairt na nasc le scoileanna i suíomhanna iargúlta le deiseanna a fheabhsú dá srannpháirtíocht in imeachtaí agus gníomhaíochtaí leabharlainne leanúnacha.
- Forbairt cláir seirbhísí do dhéagóirí i gcomhairle le daoine óga i gContae Chorcaí.
- Tabhairt isteach “Contae amháin Leabhar amháin” do leanaí i gContae Chorcaí.



Right to Read
at your Library



ACMHAINNÍ DAONNA

D'fhéadfaí a rá faoi Fhoireann Leabharlann Chontae Chorcaí gurb iad an chomhpháirt is tábhachtaí den rath do thodhchaí na seirbhíse. Caithfear gach uile iarracht a dhéanamh a gcuid tallann a fhorbairt, a n-eolas a mhéadú, agus a mbonn scileanna a leathnú agus chun a bhforbairt phearsanta a fheabhsú.

Comhroinneann Foireann agus Lucht Bainistíochta na Leabharlainne na spriocanna seo a leanas do na blianta 2020-25

- Athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Phlean Lucht Saothair na Leabharlainne ag féachaint d'éilimh agus tosaíochtaí athraitheacha.
- Measúnú a dhéanamh ar riachtanais acmhainní a chur ar fáil d'fhorbairtí nua, go háirithe maidir le hoscailt brainsí nua.
- Cur chun cinn leanúnach na gclár folláine agus an tiomantais láidir sa tSeirbhís do chórais a thacaíonn le teaghlaigh cosúil le saoire thuismitheoireachta, saoire chúramóra srl.
- Socrú sceidil de chruinnithe fíorúla/fisiceacha na mol tacaíochta d'oibríthe aonair, beidh sé sin fíor-ábhartha do leabharlannaithe sna brainsí páirtaimseartha.
- Spriocanna agus pleananna oiliúna a bhunú le haghaidh gach grád, agus ar fhéilire oiliúna solúbtha bliantúil chun a chinntiú go mbíonn deiseanna ag baill foirne i gcónaí chun a leibhéal sástachta poist a uasghrádú agus a mhéadú.
- Feasacht leanúnach na ndeiseanna oiliúna féideartha
- Airdeall méadaitheach ar dheiseanna chun rannchuidiú le próifíl na leabharlannaíochta a ardú.
- Deiseanna maoinithe a shainaithint chun oiliúint, foghlaim agus forbairt foirne a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt dóibh.
- Deiseanna a shainaithint chun forbairt foirne a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt dóibh trí chumarsáid fheabhsaithe, comhthacaíocht agus foghlaim spriocdhírithé.
- Ag oibriú i gcomhar le rannóga inmheánacha na comhairle chun éifeachtacht na Seirbhíse Leabharlainne a chothabháil sna limistéir éagsúla de lucht bainistíochta an lucht saothair lena náirítear Bainistiú Asláithreachtaí, Sláinte agus Sábháilteachta, CBFF, srl.
- Tiomantas agus athbhreithniú leanúnach ar an gcaoi inar féidir le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na baill foirne a shaibhriú agus an tseirbhís a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh oiliúna, agus deiseanna oiliúna agus forbartha a imscrúdú, agus iad a mheaitseáil go héifeachtach leis an duine aonair.
- Idirchaidreamh leis an Rannóg Pearsanra chun córas taifeadta na n-iarratas ar aistriú a fhorbairt go himmheánach agus chun leithead na taithí a uasmhéadú.



IMEACHTAÍ & CLÁIR

NA HEALAÍONA AG DO LEABHARLANN 2020-2025

Tá an tSeirbhís Ealaíon réidh chun leanúint ar aghaidh leis na cláir oibre a leagadh síos le cúig bliana anuas. Cothaítear agus spreagtar leo sin an chruthaitheacht agus na hiarrachtaí cruthaitheacha ar bhealach ionchuimsitheacht agus fadbhreathnaitheach, trí chomhairliúchán agus comhpháirtíocht. Is í Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí a bhainisteoidh agus a chomhordóidh clár Éire Ildánach de chuid Chontae Chorcaí ó 2021 ar aghaidh, leis an Leabharlannaí Contae mar an comhordaitheoir ceannais.

Áireofar leis na cuspóirí don chlár Ealaíon do Leabharlann Chontae Chorcaí do na blianta 2020-25:

- Leanúint ar aghaidh leis an obair le healaíontóirí gairmiúla ó gach disciplín chun cláir láidre sna healaíona a áirithiú.
- Clár a fhorbairt do na hEalaíona Cruthaitheacha sna Leabharlanna trí mheastóireacht a dhéanamh ar chlár reatha, ag foghlaim ó idirghníomhú le healaíontóirí agus lenár gcustaiméirí, agus próiseas forbartha leanúnaí a ghlacadh.
- Agus sinn ag foghlaim ón taithí sa phaindéim COVID-19 is amhlaidh a áiritheoidimid go bhforbróimid ár n-úsáid d'ardáin chumarsáide i soláthar ár gclár
- Leathnú na cónaitheachta sa chlár leabharlann le Scéalai Cónaithe, Ealaíontóir Teicstíle Cónaithe agus Starai Cónaithe a áireamh leo.
- Cur chun cinn na rannpháirtíochta poiblí sna hamharc-ealaíona trí fhorbairt ár gCláir sna hAmharcealaíona ag Ceanncheathrú na Leabharlainne agus i suíomhanna Leabharlainne eile
- Cruthú deiseanna chun léirthuiscint agus taitneamh an phobail ar bhunsaothar nua a cheapadh.
- An diongbháilteacht go mbeidh na seirbhísí ealaíon i leabharlanna chomh hionchuimsitheach agus is féidir, agus go dtugtar aghaidh ar cheisteanna i ndáil le bacainní rochtana ar na healaíona sa chaoi go mbainfear amach leibhéal uasta ionchuimsitheachta.
- Forbairt deiseanna chun tacú leis an bhFoghlaim Fadsaoil trí na healaíona, agus caomhnú na hoidhreacht cultúrtha i limistéir cosúil leis an gceol, teanga, amhránaíocht agus damhsa.
- Comhpháirtíocht le heochairphearsanra i gComhairle Chontae Chorcaí tríd an bhFoireann Chultúir, Éire na Sláinte agus Clár Aoisbhá an Chontae, Aonad Oidhreacht agus grúpaí eile leis an saineolas eagrúcháin is fearr a áireamh le forbairt ár gclár Ealaíon i Leabharlanna
- Comhoibriú le heagraíochtaí acmhainní ealaíon agus le grúpaí eile chun tionscadail chomhoibríocha nua a fhorbairt chun tacú le rannpháirtíocht chruthaitheach daoine aonair agus an phobail
- Imscrúdú ar dheiseanna don fhorbairt chomhoibríoch i limistéar na nEalaíon sna Leabharlanna le hÚdarais Leabharlainne Éireannacha eile, agus ar bhealaí oibre nua le comhpháirtithe AE.

ÉIRE NA SLÁINTE AG DO LEABHARLANN/YOUR GOOD SELF

- Méadú na mbailiúchán Your Good Self le limistéir eile a chlúdach lena n-áirítear LADTA+ agus neamhoird itheacháin
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an inneachar ar líne atá ar fáil
- Athbhreithniú agus leasú ar na bailiúcháin reatha Your Good Self.
- Tuilleadh forbartha ar na naisc le comhpháirtithe oiriúnacha chun imeachtaí iomchuí eolasach a chur ar fáil.
- Méadú ar theicneolaíocht agus ar ardáin dhigiteacha eile chun faisnéis agus imeachtaí i ndáil leis an tsláinte a sholáthar

CLÁR AN TIONSCNAIMH FUAIME


- An bailiúchán a mhéadú chun éascú do bhlociasachtaí eile chuig scoileanna agus chuig grúpsuíomhanna eile Ceadail cheoil a chur ar siúl sna brainsí leabharlainne agus sna leabharlanna soghluaiste. Botháin fuaimdhíonacha a shuiteáil i leabharlanna de réir mar is féidir le seisiúin chleachtaidh a chumasú dóibh siúd gan saoráidí cleachtaidh príobháideacha.
- lasachtaí speisialta de roinnt uirlisí deonaithe luachmhara a shocrú chuig seinnteoirí le taithí

WORK MATTERS

Tá Work Matters tógtha ar cheithre cholún – faisnéis, bonneagar, saineolas agus imeachtaí. Oibreimid amach anseo le;

- Líon na n-imeachtaí arna soláthar a mhéadú, ar líne nó go pearsanta, de réir mar is féidir, chun tacú leis an gclár.
- Naisc a athbheochan le geallsealbhóirí is comhpháirtithe - go háirithe OFÁ agus BOO, chun cur leis an obair a rinneadh thiar in 2018-19
- Díriú ar roinnt earnálacha sonracha - earnálacha na n-ealaíon/ceardaíochta - le haghaidh tacaíochtaí sa ghnó





IONCHUIMSIÚ & FOR-ROCHTAIN


Caithfidh na Seirbhísí Leabharlainne a bheith ionchuimsitheach de bharr an chineáil seirbhísí atá iontu, agus beidh ríthábhachtach d'ábharthacht na Seirbhíse go lorgóidh sí go honnghníomhach bealaí ina gcoinneoidh sí uirthi mar sin don phobal go léir. Rachaidh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí ar aghaidh thar na blianta 2020-25 le

- Forbairt agus forfheidhmiú Beartais agus Straitéis um Ionchuimsiú i gcomhthéacs na Straitéise Leabharlainne Náisiúnta agus chuspóirí ionchuimsithe Chomhairle Chontae Chorcaí araon sa chaoi go soláthrófar seirbhís do dhaoine imeallaithe ar bhealach comhtháite.
- Rannpháirtíocht onnghníomhach le heagraíochtaí agus le grúpaí a fheidhmíonn mar ionadaithe do shaoránaigh faoi mhíbhuntáiste agus atá imeallaithe ón tsochaí. Féachfaimid ar na bealaí inar féidir leis an tSeirbhís Leabharlainne a n-ábharthacht a fheabhsú go gníomhach do na pobail agus daoine aonair úd.
- Túsú na ndeiseanna comhpháirtíochta le coláistí tríú leibhéal chun saoráidí agus seirbhísí a thairiscint sna limistéir den fhoghlaim teanga sa litearthacht dhigiteach. Eagrú spásanna cruinnithe agus spáis staidéir dóibh siúd atá imeallaithe ó thaobh an tíreolais, na heacnamaíocht, an oideachais nó na sochaí de.
- Cruthú na nasc sin le daoine agus le grúpaí a thug fónamh ar fhoireann na Leabharlainne Foirne Baile le linn na paindéim Covid-19: is féidir leo a bheith mar nasc ríthábhachtach idir an tseirbhís agus na daoine imeallaithe mar gheall ar mhíchumas nó ar cheisteanna meabhairshláinte/sláinte cholanda, suíomh geografach, imthosca eacnamaíocha nó oideachasúla nó mar thoradh ar cheisteanna cinte nó stádais.
- Rannpháirtíocht cainteoirí, oideachasóirí agus saineolaithe sna réimsí éagsúla le seimineáir agus spreagadh feasachta agus oiliúint a sholáthar don fhoireann nó don phobal maidir le seirbhísí a bhíonn ar fáil, agus deiseanna le seirbhísí a fhónamh do phobail imeallaithe.
- Ionchur a lorg ón bpobal go léir leis na bacainní go léir a shainaithint mar bhac ar úsáid na seirbhísí ag daoine - bíodh na bacainní sin ina gcinn cholanda,

“Promoting social inclusion is a key element of the work of Cork County Council, as indicated by the high-level commitment demonstrated by the creation of the Social Inclusion, Community and Rural Development Strategic Policy Committee, three Local Community Development Committees, and the Cork County Public Participation Network. More recently, the work of the Cork County Council Covid-19 Community Support Programme served to highlight issues of social exclusion, how these are magnified in times of crisis, and the central role of the local authority in facilitating a response to these inequalities”

Cork County Council Social Inclusion Policy 2020







INDEX MAP
To the Estate of
GARRETT STANDISH BARRY, ESQ
OF LEAMLARA,
Situate in the
County of Cork.

**COMHLÍONADH,
RIALACHAS &
STAITISTICÍ**

COMHLÍONADH & RIALACHAS

Cuirfidh Leabharlann Chontae Chorcaí an dea-rialachas chun feidhme agus cothabhálfaidh sí é trí:

- Athbhreithnithe buiséadacha rialta a stiúradh le luach ar airgead a áirithiú thar gach gníomhaíocht le Leabharlann Chontae Chorcaí.
- Comhlíonadh le beartais bhainistíochta airgeadais agus iniúchóireachta inmheánaí de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí
- Comhlíonadh le beartais soláthair náisiúnta agus de chuid Chomhairle Contae Chorcaí.
- Bainistiú a chomhtháthú ar fud na seirbhíse agus lán-chomhlíonadh le Córas Bainistíochta Córais Chomhairle Chontae Chorcaí.
- Áirithimid go bhfaigheann an fhoireann oiliúint sa tSláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Leanaí, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus ceanglais reachtúla eile chun lán-chomhlíonadh leis an reachtaíocht náisiúnta a áirithiú.
- Leanúint ar aghaidh le húsáid an chórais CBFF.
- Buansásamh ceanglas tuairiscithe ón gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Téann fachtóirí seachtracha agus inmheánacha i bhfeidhm ar Leabharlann Chontae Chorcaí ar an gcaoi a soláthraíonn sí cuspóirí agus a gcinneann sí a haird a dhíriú. Athruithe sa reachtaíocht, sa gheilleagar, ó theicneolaíochtaí athraitheacha, ó bheartas rialtais, saincheisteanna réigiúnacha agus áitiúla, athruithe sochaíocha agus inmheánacha ar struchtúir san eagraíocht; téann siad i bhfeidhm ar an timpeallacht oibriúcháin. Forbróimid ár seirbhís i gcomhréir le doiciméid bheartais eile le Comhairle Contae Chorcaí, agus aitheantas á thabhairt do phleananna Corparáideacha, Eacnamaíocha, Pobail agus Cultúrtha na Comhairle.

FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Aithníonn Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí an doiciméad midir le Caighdeán agus Tagarmharcálacha Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí ina dtugtar treoirphlean d'fhorbairt agus do sholáthar na seirbhíse leabharlainne i gcomhréir leis an mbeartas rialtais áitiúil agus náisiúnta, agus leis an deachleachtas leabharlainne go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Athbhreithneofar an plean forbartha seo i gcomhar leis an bPlean Soláthair Seirbhíse agus le próisis athbhreithnithe leanúnacha eile lena n-áirítear tuairiscí do na Coistí Beartais Straitéiseacha ábhartha. Coinneoidh an tSeirbhís Leabharlainne lena hionadaíocht ar choistí agus meithleacha oibre idir-rannacha laistigh den Chomhairle, agus tabharfar spreagadh d'aiseolas agus déanfar faireachán ar fhorás an phlean sna cruinnithe foirne rialta. Athbhreithneofar an Plean go rialta agus tagairt á déanamh do Phlean Corparáideach Chomhairle Chorcaí agus do bheartais agus pleananna ábhartha eile.

GNÍOMHÚ AERÁIDE, BITHÉAGSÚLACHT IS INBHUANAITHEACHT

Agus aitheantas á thabhairt go n-éilíonn an t-athrú aeráide tiomantas ó gach páirtí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thagann leis; aithníonn Leabharlann Chontae Chorcaí gur glacadh Straitéis Chontae Chorcaí um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019–2024, agus is í an chéad chéim í chun athléimneacht in aghaidh guaiseacha aeráide a thógáil. Tá Comhairle Chontae Chorcaí tiomanta do bhreithniú ar oiriúnú don athrú aeráide agus do mhaolú ar sholáthar a seirbhísí, agus d'fhorbairt beartais go léir amach anseo lena náirítear go dtugtar aitheantas sa phlean air sin. Tá an soláthar seirbhíse á athbhreithniú lena áirithiú go n-uasmhéadaíonn Leabharlann Chontae Chorcaí a cumas le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus le spreagadh a thabhairt don bithéagsúlacht leis sin.

2019 STAITISTICÍ

70,027




SEISIÚIN IDIRLÍN
PHOIBLÍ

40,172



SEISIÚIN
WI-FI

59,204



BALLRAÍOCHT

4,523



IMEACHTAÍ

77,632



TINREAMH

1,657,033



EISIÚINTÍ

2019

LÍON NA GCUAIRTEOIRÍ

1,431,700

DAONRA

332,255*

CUAIRTEANNA
IN AGHAIDH AN DUINE

4.31

*Iarscríbhinn a hAon: Bunaíodh príomhtháscairí feidhmíochta de chuid NOAC do gach duine den daonra do 2019 ar dhaonra Chontae Chorcaí 417,211 ó dhaonáireamh 2016. B'ionann an líon cuairteanna in aghaidh an daonra agus 3.43 dá réir. Bunaítear an figiúr sin ar dhaonra iar-thrasdula Chontae Chorcaí 332,255. Baineann sé le 25 brainse agus ceithre leabharlann shoghluaiste tar éis an trasdula.

LEABHARLANN SUÍOMHANNA



BAILE BHUIRNE

026-45058 leabharlannbhailebhuirne@corkcoco.ie

DROICHEAD NA BANDAN

023-44830 bandonlibrary@corkcoco.ie

BEANNTRAÍ

027-50460 bantrylibrary@corkcoco.ie

CARRAIG UÍ LEIGHIN

021-4371888 carrigaline.library@corkcoco.ie

BAILE CHAISLEÁIN BHÉARRA

027-70233 castletownberelibrary@corkcoco.ie

AN RÁTH

063-89769 charleville.library@corkcoco.ie

CLOICH NA COILLTE

023-34275 clonakiltylibrary@corkcoco.ie

AN CÓBH

021-811130 cobh.library@corkcoco.ie

DÚN MÁNMHAÍ

023-55411 dunmanwaylibrary@corkcoco.ie

MAINISTIR FHEAR MAÍ

025-31318 fermoylibrary@corkcoco.ie

CEANN TOIRC

kanturklibrary@corkcoco.ie

CIONN TSÁILE

021-4774266 kinsalelibrary@corkcoco.ie

CEANNCHEATHRÚ NA LEABHARLAINNE (021) 4546499

Ceanncheathrú corkcountylibrary@corkcoco.ie

Iasachtaí Staidéir

Áitiúla: localstudieslibrary@corkcoco.i

Leabharlann

Scoileanna schools.library@corkcoco.ie

MAIGH CHROMTHA

026-42483 macroomlibrary@corkcoco.ie

MALA

022-21821 mallow.library@corkcoco.ie

MAINISTIR NA CORANN

021-4613929 midletonlibrary@corkcoco.ie

SRÁID AN MHUILINN

029-21920 Millstreet.library@corkcoco.ie

BAILE MHIISTÉALA

025-24325 Mitchelstown.library@corkcoco.ie

ÁTH TRASNA

029-61090 newmarketlibrary@corkcoco.ie

OILEÁN CLÉIRE

028-41006 cleirelibrary@corkcoco.ie

AN PASÁISTE

021-4863727 Passagewest.library@corkcoco.ie

AN SCOIL

028-28290 Schull.library@corkcoco.ie

INIS ARCÁIN

028-20009 Sherkin.library@corkcoco.ie

AN SCHOIBAIRÍN

028-22400 Skibbereen.library@corkcoco.ie

EOCHAILL

024-93459 Youghal.library@corkcoco.ie

LEABHARLANNA SOGHLUAISTE

Soghluaiste Thuaidh 0858518932 mobilelibrary.north@corkcoco.ie

Soghluaiste Theas 0858518967 mobilelibrary.south@corkcoco.ie

Soghluaiste Thoir 0864603287 mobilelibrary.east@corkcoco.ie

Soghluaiste Thiar 086816013 westcorkmobile@corkcoco.ie





Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

**PLEAN
FORBARTHA NA
SEIRBHÍSE
LEABHARLAINNE
2020-2025**